

An Caomhnóir

Nuachtlitr Fhondúireacht an Bhlascaoid 2016 Uimh. 36 €5.00



An Dr Micheál Ó Ceárna
a fuair bás 29 Lúnasa 2015.



Kadharc ar an mBlascaoid a Chaisleán an Fheirtéaraigh
Pic: Breandán Feirtéar



Slinnte Pheig



Iomramh Alban le Port na bPúcaí



Cuas Thomáis 'ac Dhonncha



Cuimhní an Bhlascaoid



Focal ón gCathaoirleach

Ó 1985, bliain a bunaithe, tá an Fhondúireacht ag treabhadh léi ag iarraidh a haidhmeanna a thabhairt chun críche go foirfe.

Is iontach go bhfuil na treoraithe san Oileán i gcaitheamh an tsamhraidh, mar sin féin, tá géarghá le hionad buan leis na háiseanna cuí a bheith ar fáil dóibh. Tá géarghá i gcónaí le infheistíocht cheart a dhéanamh sna céanna agus ar ndóigh sealúchais a cheannach ar an mBlascaod de réir mar a thagann siad ar an margadh. Ar ndóigh, is é an sprioc atá againn go léir ná Páirc Náisiúnta Stairiúil agus Stádas Oidhreachta Domhanda a bhaint amach. Táimid ag tnúth le craoladh sraith chláracha teilifíse dár teideal *Cuimhní ón mBlascaod* bunaithe ar ábhar cartlainne na Fondúireachta agus sraith agallamh le hIar-Bhlascaodaigh.

Uair amháin eile tréasláimid ó chroí le Coiste an Cheiliúrtha – comhfhiontar idir sinn féin agus Ionad an Bhlascaoid. Bhí ard-deireadh seachtaine againn i mbliana ag cíoradh “Aimsir na nUasal” agus níl amhras ná gur bhain an slua mór a d’fhreastail air idir thairbhe agus thaitneamh as. Cheana féin, táthar ag prapáil do Cheiliúradh 2016.

I rith na bliana d’imigh seanchara linn go léir agus go deimhin féin le pobal dhúthaigh Duibhneach go léir, an Dr. Micheál Ó Ceárna, ar shlí na fírinne. Solas Síoraí na bhFlaitheas dó. Ár gcomhbhrón ó chroí dá iníonacha, dá mhac agus dá dhaoine muinteartha go léir.

Ba dheas linn an deis a thógaint freisin chun buíochas a ghabháil le clann agus cairde Mhichíl Uí Cheárna as a bhflaithiúlacht leanúnach ag cur Sparánacht an Bhlascaoid ar fáil dár n-ógánaigh.

I mbliana leis d’éirigh Bainisteoir an Ionaid, Micheál De Mórdha, as óna dhualgais. Chaith Micheál breis agus fiche bliain ag obair go dian dícheallach ag riaradh an Ionaid agus ag treabhadh ar aghaidh ag caomhnú shaíocht agus chultúr an Bhlascaoid. Guímid blianta fada faoi rath agus faoi shláinte ar Mhicheál agus ar a chéile Angela.



Micheál de Mórdha

Fáiltímid roimh cheapachán Dhoncha Uí Chonchúir i bhfeighil an Ionaid agus guímid blianta fada air faoi rath sa phost seo.



Doncha Ó Conchúir

Buíochas leo siúd go léir a chabhraíonn leis an gCeiliúradh nó leis an gCaomhnóir in aon slí. Buíochas ó chroí freisin le Doncha Ó Conchúir agus le foireann an Ionaid as ucht a ndúthrachta agus a gcomhoibrithe.

– Pádraig Firtéar

An Caomhnóir © 2016

Foilsithe ag Fondúireacht an Bhlascaoid le tacaíocht Oifig na nOibreacha Poiblí.

Seoladh Teagmhála

f.ch. Ionad an Bhlascaoid Mhóir,
Dún Chaoin, Trá Lí,
Co. Chiarraí.

In eagar ag

Bernie Firtéar agus Máire Uí Ainín.
berniefirtear@hotmail.com
Clóchur 7 Dearadh: Inné, Dún Chaoin.
Clódóir: Kingdom Printers, Trá Lí.

Pictiúir

Siobhán Dempsey, Madeleine Waller
Micheál de Mórdha, Richard Smallwood
Fiona Morgan, Lorcán Ó Cuinneagáin,
Breandán Feiritéar, Aerchór na hÉireann

– SAN EAGRÁN SEO –

Ceiliúradh an Bhlascaoid 2015	3
Aitheasc an Chathaoirligh	5
An Dr Micheál Ó Ceárna	6
Cuas Thomáis ‘ac Dhonncha	8
Slinnte Pheig	11
<i>Cuimhní ón mBlascaod</i>	14
The Businessman with Heart and Other Problems	16
Iomramh Alban	18
Mollaí Ní Chonchúir	20
Ag Deireadh an Lae	20
Imeachtaí san Ionad 2015	21
Baill Fhondúireacht an Bhlascaoid	22

Coiste Fhondúireacht an Bhlascaoid

Pádraig Firtéar (Cathaoirleach),
Lorcán Ó Cinnéide (Rúnaí),
Máire Uí Ainín (Cisteoir),
Micheál Ó Cinnéide, Bernie Firtéar,
Edna Uí Chinnéide, Máirín Ní Bhroin,
Gearóid Ó Cinnéide,
Frances Uí Chinnéide,
Máirín Ní Laoithe-Uí Shé.

Coiste Chéiliúradh an Bhlascaoid

Máirín Ní Laoithe-Uí Shé (Cathaoirleach)
Máire Uí Ainín (Rúnaí)
Frances Uí Chinnéide (Cisteoir)
Máirín Ní Bhroin, Boscó Ó Conchúir,
Bernie Firtéar, Micheál de Mórdha,
Máire Uí Shithigh (OCD).

Ceiliúradh an Bhlascaoid 2015

– Aimsir na nUasal –

Lorcán Ó Cinnéide

Aistríodh dátaí Cheiliúradh an Bhlascaoid go dtí an dara deireadh seachtaine de Dheireadh Fómhair 2015, ach níor chuir sé sin aon bhac leis an slua agus leis an sásamh a baineadh as an ócáid, a bhí lán de léachtaí den scoth, seoltaí leabhar ar ábhair éagsúla suimiúla, agus turas siúlóide i dteannta sin.



Donncha Ó Corráin

Maidir leis an téama, b'shin iad na trí léacht a tugadh ar an Satharn a dhírigh ar ghnéithe d'aimsir na n-uasal, léachtaí ón Dr. Donnchadh Ó Chorráin, Micheál de Mórdha agus Breandán Feiritéar. Thosnaigh an Dr. Ó Corráin le léacht faoi Mhóruaisle na Mumhan a chuaigh i bhfeidhm go mór ar an slua mór san Ionad, maidir le scoláireacht,



Micheál de Mórdha

smaointeacht agus cur i láthair.

Más ar na Gearailtaigh Deasúnacha agus a leithéid ar bhonn cúige a bhí an plé ag Donnchadh, is ar uaisle stairiúla Chorca Dhuibhne a bhí Micheál de Mórdha dírithe ina chuid cainte. Labhair sé faoi na Gearailtaigh, Mórdhaigh, Treanntaigh, Hóraigh agus a gcomhleacaithe a bhfuil a rian fágtha go dlúth ar Chorca Dhuibhne go dtí an lá inniu ann.

Lean Breandán Feiritéar, iar-Cheannaire Raidió na Gaeltachta agus duine de bhunaitheoirí na Fondúireachta, ar na cainteanna lena chur síos “Dá mairfeadh Piaras sa Dún”, léargas neamhghnách ar an bhfile agus Taoiseach áitiúil Piaras Feirtéar a cuireadh chun báis i lár na seachtú haoise dhéag.

Bhí ana shiúlóid bainteach le Piaras Feirtéar mar chlabhsúr ar an deireadh seachtaine, chomh fada le Caisleán an Fheirtéaraigh ar an mBaile Uachtarach. Danny Mac a' tSíthigh abhí mar sár-threoraí againn.

Timpeall ar na mór-imeachtaí ó thaobh léachtaí de, bhí clár iomlán imeachtaí ag Ceiliúradh 2015. Is í Máirín Uí Shé,



Breandán Feiritéar

Cathaoirleach an Choiste Eagraithe, a d'oscail an deireadh seachtaine le cabhair amhráin ó Mhuiris Ó Scanláin. Bhí caint Mháirín lán de thagairtí don Dr. Micheál Ó Ceárna a fuair bás deireadh Mhí Lúnasa agus tugadh chun cuimhne go mór é ag an oscailt agus i gcaitheamh na deireadh seachtaine.

Beidh clann an Bhlascaoid ag léamh



Turas go Caisleán an Fheirtéaraigh.

– Pic: Micheál de Mórdha

leo isteach sa bhliain nua is baolach, de réir na leabhair ar fad a seoladh ag an gCeiliúradh!

Seoladh leabhar aistí i gcuimhne ar Phádraig Ó Siocfhradha (1883-1964), dár teideal *“Rí na Gréine, Aistí i gcuimhne ar an Seabhadh”* ar an Aoine, leabhar bunaithe ar imeachtaí siompóisiam a bhí i gColáiste Íde i 2014.

Seoladh dhá eagrán d’irisí Ceiliúradh an Bhlascaoid, eagraithe ag Micheál de Mórdha, *“Saibhreas agus Dán na Teangan”* (2013) agus *Peaidí an Dúna* (Pádraig Ua Maoleoin, 2014). Sin iad na leabhair is déanaí sa tsraith atá ag fás le fiche bliain ó thosaigh an Ceiliúradh.

Seoladh leabhar filíochta nua ag an gCeiliúradh chomh maith, saothar breá de chuid Bernadette Nic an tSaoir *“Ar Faonoscailt”*.

Anall ó Mheireacá a tháinig, Gerry Hayes agus Eliza Kane chun a leabhar faoi Phádraig Ó Catháin, *The Last Blasket King* a sheoladh agus is é an tAire Stáit Jimmy Deenihan TD a dhein an cúram sin go slachtmhar ar an Satharn.



Jimmy Deenihan TD ag seoladh *The Last Blasket King* ag Gerry Hayes agus Eliza Kane

Ní raibh deireadh le leabhair fós, áfach, agus ar an Domhnach i Músaem Chorca Dhuibhne sheol Helen Ní Shé ó Raidió na Gaeltachta saothar de chuid Nóra Uí Shéaghdha, curtha in eagar ag a mac Pádraig Ó Héalaí agus foilsithe ag An Sagart. D’éirigh chomh maith sin leis an seoladh seo nach raibh dóthain leabhar ar fáil, bhí oiread éilimh air!

Bhí ana dheireadh seachtaine ag Ceiliúradh 2015. Mar is gnách, dhein an coiste sárobair agus tá ár mbuíochas tuillte arís acu as a saothar. Bhí caint i rith na bliana ar lá amháin a bheith ann, ansin dhá lá, ach sa deireadh ba dheacair imeachtaí na deireadh seachtaine a choimeád go trí lá! Tháinig slua mór ó chian agus ó chongar, agus tá gach duine ag súil le hócáid na bliana seo ag teacht.



Helen Ní Shé i mbun seoladh *An Blascaoid Trí Fhuinneog na Scoile* leis an eagarthóir Pádraig Ó Héalaí.



I dteannta na léachtaí, seoltaí agus siúlóidí, bhí bronnadh **Sparánacht an Bhlascaoid** ar siúl ag an gCeiliúradh, an chéad uair tar éis bhás an Dr. Uí Cheárna. Ian Ó Gealbháin ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne ar bronnadh an phríomhdhuais €1000. Bronnadh dhá dhuais eile, €500 an ceann, de bharr an chaighdeáin a bheith chomh hard, ar Helena Ní Rocháin ó Choláiste Íde agus Eimear Nic Eoin ón bPobalscoil, buaiteoirí na bliana seo agus go n-éirí leo triúr ina gcuid aistear acadúla. Comhghairdeas leo go léir! Táthar ag súil go mbeidh nasc tacaíochta idir dhaltaí idirbliana méanscoile na Leithinise agus coistí na Fondúireachta amach anseo.

Ceiliúradh an Bhlascaoid 2015 Aitheasc na hOscailte

Máirín Uí Shé, Cathaoirleach

A mhaithe agus a mhór uaisle idir chléir agus tuataigh cuirim na mílte fáilte romhaibh go dtí an Ceiliúradh seo. Ceiliúradh ar ár nUaisle agus ar ár nUaisleacht.

Tá mór-Uasal eile imithe uainn le déanaí, An Dochtúir Maidhc Ó Ceárna – Maidhc Sheáin Tom. Bhí gaol gairid aige le Rí an Oileáin. D’oibrigh sé go dícheallach ar son an Oileáin agus an Cheiliúrtha. Bhunaigh sé Sparánacht chun cabhrú leis an aos óg ina staidéar agus chomh maith chun saibhreas chultúir an Oileáin a oscailt amach dóibh agus chun é a chur féna mbráid. Bhí fis aige! An scóip a bhíodh air teacht chugainn go dtí an gCeiliúradh bliain i ndiaidh bliana. Théadh sé isteach an Oileán go Tír na nÓg, mar a ghlaodh sé air, agus mar a ghlaodh a lán de na hOileánaigh eile air chomh maith – agus bhí cúis acu.

Bhuel, tá sé imithe uainn ar shlí na firinne go Tír na nÓg sna Flaithis. Beannacht Dé dílis lena anam agus anamacha na bhFíreán go léir. Ina onóir bíodh neomad ciúnais againn dó.

Agus canfaidh an tUasal Mossy Ó Scanláin ‘Beir Beannacht ó Rí na hAoine’ in ómós dó.

‘Aimsir na nUasal’ – Is tráthúil go mbeimis ag ceiliúradh fé’n teideal seo mar tá leabhar ana bhreá le seoladh againn i rith na deireadh seachtaine seo. *The Last Basket King - Pádraig Ó Catháin, An Rí* le Jerry Hayes agus Eliza Kane, leabhar a chuireann síos ar a chumas, a chlú agus a chló, ar a uaisleacht agus ar mhuinín mhuintir an Oileáin ann. Is é an Rí uasal íseal é a deir an t-údar Tomás Ó Criomhthain ina leabhar breá fileata *Allagar na hInise* lch 274.

... Tá sé féin a seacht is trí fichid agus lán a chroicinn féin ann gan aon cheiliúradh. Is é an Rí uasal íseal é, bail ó Dhia air!



Máirín Uí Shé, Cathaoirleach an Cheiliúrtha, ag bronnadh píosa potaireachta ar Iar-Bhainisteoir Ionad an Bhlascaoid, Mícheál de Mórdha.

Agus ar lch 19 tugann Tomás Ó Criomhthain radharc aoibhinn dúinn ar a Phálás.

● *Pálás an Rí sa Bhlascaed.* Pé duine atá glas ar an bpálás seo a fheiscint ní mise é. Tá bun leis sin, mar gach uasal a ghabhann timpeall chun staidéir tamall is sa phálás is ansa leo a bheith. Aoinne acu seo a mbíonn aon ghnó leis, agus foghlaim mhór orthu cheana, ní bhíod siad sásta gan críochnú a chur orthu féin i dteanga a dtíre dúchais féin, agus toisc gur mé féin a ghlac an chéad Ollamh riamh a stad ann de láimh chun an teanga sin a mhúineadh dóibh, ní bhíonn an chuid eile a thagann sásta go nglacaid de láimh mé ach a oiread. Sin é an fáth ná fuilim glas ar amharc an pháláis mé a bheith i gcosa na n-uaisle seo de shíor.

Tá fuinneog ar an bpálás seo a bhfuil a haghaidh amach ar an mórmhuir. Tá bord an duine uasail trasna ag a bun agus a chuid leabhar ar leathadh aige air, a chathaoir ornáideach faoi agus cathaoir eile faoin té atá á mhúineadh ag an gceann eile den bhord. Níl aon abairt is féidir leis an mbeirt a chur ar bun ar an mbord seo ná go bhfuil brí agus bun na habairte sin le feiscint le do shúile tríd an bhfuinneog seo amach agat. Is é mo thuairim ná fuil aon fhuinneog coláiste sa tír chun dulta síos léi chun samhlaoidí a thabhairt do shúile an mhic léinn, gach duine a ghabhann timpeall arb ansa leis blas agus crích a bheith ar a chuid Gaelainne aige. Níl aon dath dá bhfaca súil de ghorm úr, d’uaine is bán, de chorcar, de dhearg agus de bhúf ná go bhfuil le feiscint de shíor as fuinneog an pháláis.

Agus ar lch 108 cuireann Tomás Ó Criomhthain síos dúinn ar uaisle a tháinig ’on Oileán i 1919.

25.7.1919

● Bhuail dhá naomhóg isteach ón dtír amuigh lán go béal de dhaoine. Daoine móra ardcéimeacha ab ea iad; maor ard airm, maor póilíní agus an Ridire Ciarrafoch agus mar sin dóibh, beirt nó triúr ban, clocha luachmhara ina gcuideadaigh, scáil ón ngrian á sroicint sin go minic de réir mar bhí fuadar féachaint fúthu féin anonn is anall.

Bhuail leadar suas faoin mbaile agus d’fhágadar a gceangal-táin i dtigh an Rí. Dheineadar beannú dá chéile agus chuireadar an cnoc amach dóibh, go mear éasca tapaidh. Nuair a bhí suim aimsire caite sa chnoc acu chasadar thar n-ais ar thigh an Rí.

Nuair a bhí an flaithe caite acu bhí caitheamh aimsire ina dhiaidh acu, ag cur ceisteanna agus an Rí á réiteach. Nuair a bhí sé in am acu a bheith ag druim leis an gcaladh bhí an Rí á dtionlacan agus a thuilleadh nach é, dar ndóigh. Bhíodar thíos ar an tslip, agus nuair a bhíodar ag imeacht amach bhí an dream istigh ag déanamh comharthaí dóibh, agus de ghuth ard ‘Op de Valera,’ agus ‘suas Sinn Féinears’ acu. Ní fheadair siad an Sinn Féinears na huaisle nó nárbh ea, agus ba chuma leo, ach bhíodar á chur in iúl gurbh ea iad féin.

Bhí cuid againn a mbraithfeá orthu go mb’fhéarr leo “Op Seán Bui” a bheith á rá acu.

Cuir síos dhá thaobhach a d’fhéadfá a rá, is dócha, ach tá dhá thaobh ar an Rí, taobh geal agus taobh buí. Cúis gáire ó Dhia chugainn!

A uaisle, bainig súp as an gCeiliúradh agus go dté sibh go léir abhaile slán sábháilte go dtí bhur gCaisleáin agus bhur bPáláis féin.

An Dr. Micheál Ó Ceárna

1920 - 2015



Scéal ár gcine dúchais

Tá mionchúntas againn ó Mhike ar a shaol sa domhan nua, scéal an imircigh. Shroich sé Nua Eabhrach ar bhord an *Queen Mary* i mí Bealtaine, 1948 agus d'fhág sé a rian thall. Mhúin sé ranganna Gaelainne, d'eagraigh sé foireann chaide agus thug sé treimhse sé bliana dhéag mar Uachtarán ar an John Boyle O'Reilly Club i Springfield, ó 1962 go dtí 1978. Bhí sé ag faire amach dá chlann, is dá phobal Gaelach gach lá dá shaol. Chaith sé 54 bliain ag obair, ón mbliain 1937 nuair a thosnaigh sé i dtigh tábhairne Molloy's (agus ina dhaidh san i Davy Byrne's) i Baile Átha Cliath go dtí an lá a d'éirigh sé as a chúram sa Hall of Justice i Springfield i 1991. Mar a deireadh sé go minic, "We're doing all right in America!"

Scéal an Oileáin

Tá an cuntas sa leabhar go dtí smior an Bhlascaoid agus conas mar a scaip an pobal ós na triochadaí amach. Léirítear go raibh baint nach beag ag Mike Carney le stair dhéanach an oileáin, go mórmhór sna blianta roimh an tréigean. Chuir bás tubaisteach a dhearthár Seán in Mí Eanáir na bliana 1947 fearg ar Mhike agus dhein sé gach iarracht thuas i mBaile Átha Cliath le haird an Rialtais a tharrac ar chruachás an Bhlascaoid, an bhliain fhuair sin.

Is maith is cuimhin liom an turas a thugas air i Springfield i dteannta le m'athair, Caoimhín, sa bhliain 1979 is an fháilte fhial a chuir sé romhainn. Is minic a thugas cuairt ó shin air agus ba bhreá leat a chomhluadar. An chéad uair a thugas óráid faoin mBlascaod, i 1980, bhíos ag labhairt ar chuireadh ó Mhike sa John Boyle O'Reilly Club. Is ansan thall a cuireadh an síol, gur cheart go mbeadh Páirc Náisiúnta stairiúil san Oileán, i gcuimhne ar na daoine a mhair ann is an oidhreacht ar leith a bhí tugtha acu dúinn.

Nuair a fógraíodh i Samhradh na bliana 1985 sa *Wall St. Journal* go raibh 17 gábhaltas ar díol ar an mBlascaod Mór ar phraghas \$900,000, ní raibh súil ag lucht a dhíolta le leithéidí Mike Carney, Pádraig Ó Muircheartaigh, Edna Uí

Tá Blascaodach mór eile imithe uainn. Fuair Mike Carney bás thall i Springfield ar an 29ú lá de Lúnasa, 2015, go gairid sar a shroisfeadh sé aois a 95 bliain. Bhí sé ar dhuine des na ceannairí ar thaobh na Fondúireachta ón gcéad lá. Fear bríomhar, dílis, cumasach, fuinniúil, misniúil ab ea Mike. Cé gur mhair sé i Meiriceá ón mbliain 1948 i leith, níor chaill sé riamh an dlúthcheangal lena mhuintir ná lena thalamh dúchais. Bhíodh Raidió na Gaeltachta beo sa tseomra thall aige gach lá is thagadh an *Kerryman* chuige ó Mhuiris Bric gach seachtain. Ba bhreá leis glaoch a chur orm is ar mhuintir an Ionaid chun cúrsaí oileáin is caide a phlé – "Cad tánn sibh a' déanamh ansan?"

Foilsíodh beathaisnéis le Mike, *From the Great Blasket to America* sa bhliain 2013. Bhí Mike is a chlann linn nuair a

seoladh an leabhar san Ionad mar chuid de Thionól an Bhlascaoid agus is mó cóip atá díolta ó shin. Is leabhar fiúntach, spéisíúil é seo, ar trí chúis - Is scéal clainne é, scéal ár gcine dúchais agus mír eile de scéal an Oileáin.

Scéal clainne

Tá cur síos pearsanta sa leabhar ag Mike ar a chlann le céad bliain anuas - a athair, Seán Tom Ó Ceárna, a rugadh ar an mBlascaod sa bhliain 1882 agus a thug dhá thuras go Meiriceá; conas mar a cailleadh an mháthair, Neilí Daley, go hóg sa bhliain 1933, an cruatan a thit ar an gclann óg le naonúr leanbh istigh san Oileán agus an íobairt a dhein an deirfiúr ba shine, Céit Ní Cheárna, chun fóirithint ar an líon tí; conas mar a thug Micheál Ó Ceárna a aghaidh ar an saol i mBaile Átha Cliath is thar sáile; grá mór a shaoil, Maureen Ward agus tógaint a gclann siúd.

Chinnéide is na baill a bhunaigh an Fhondúireacht. Chuamar i mbun feachtais, bhailigh coiste, scaipeadh an scéal is táimid ar an gcosán ó shin.

Thug Mike is muintir Chorca Dhuibhne i Meiriceá ana thacaíocht is misneach dúinn sa bhFondúireacht le triocha bliain. Bhí Mike gníomhach ag bailiú slua nuair a chuaigh Bainisteoir an Chonadae, Martin Nolan, sall go Meiriceá. Bhí sé ag trácht ar scéal an Bhlascaoid le Mary McAleese, leis an Uachtarán Michael D Higgins agus leis an Aire Jimmy Deenihan i mBoston. Bhronn Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad céim oinigh Dhochtúireachta ar Mhike sa bhliain 2009 agus is é a bhí sásta! Bhí sé mórtasach as an méid a bhí bainte amach, ach fós, dar leis, bhí breis oibre le tabhairt chun críche againn.

Bhí Mike chomh dílis san don mBlascaod gur bhunaigh sé féin is a chlann Sparánacht – tá scoláireacht bronnta ar scoláirí óga, cumasacha ó Chorca Dhuibhne le blianta beaga anuas.

Tá Mike curtha thall i nGeataí na

Glóire, “*Gates of Heaven*”, taobh thoir de Springfield, i dteannta lena bhean chéile, Maureen is lena thriúr dearthár – Maurice, Paddy is Mártan. Bhí aifreann ómóis againn do Mhike i nDún Chaoin ar an 10ú Deireadh Fómhair, le linn an Cheiliúrtha. Deinimid comhbhrón lena chlann – Kathleen Bowers, Maureen Hayes, Noreen McNamara agus Mike Óg, lena chliamhain, Gerry Hayes, lena dheirfiúr Maureen Oski is le muintir Cheárna anseo sa bhaile as a gcailliúint.

Gnáthdhaoine ab ea Tomás is Seán Ó Criomhthain, iascairí; Peats Mhicí Ó Catháin, fear a’ phoist an oileáin; Muiris Ó Súilleabháin, an garda, is Peig Sayers, an seanchaí, ach fós eile, laochra as an ngnáth ab ea iad uile. Bhí sprid acu is tuiscint doimhin ar an saol. Anois, tá Mike Sheáin Tom Ó Ceárna imithe ar shlí na fírinne ina dteannta. Tá laoch eile le háireamh againn i measc shliocht uasal an Oileáin Tiar. Beannacht Dé leo, ní dhéanfar dearmad orthu.

– *Micheál Ó Cinnéide*

Fógra Báis
i ndíl chuimhne ar
Mhícheál Ó Ceárna

Cailleadh oileánach inniu
cailleadh focal ón dteanga
cailleadh nós imeachta
cailleadh logainm áitiúil
cailleadh smut de chultúr ársa
cailleadh oileánach inniu
chaill an cine dúchais duine.

Death Notice
in loving memory of
Dr. Mike Carney

*An islander died today
a word in the language died
a tradition died
a local place name died
a piece of an ancient culture died
an islander died today
the local race lost a person.*

le meas agus grá,
Dairena Ní Chinnéide 2015



An Dr Mike i mbun dian-chomhrá le Maria Simonds-Gooding san Ionad, Márta 2013.

– Pic: Micheál de Mórdha

Cuas Thomáis 'ac Dhonncha

(Trácht bunaithe ar dhialann oileáin an údair)

Lorcán Ó Cuinneagáin

Is cuas doimhin é seo, Cuas Thomáis 'ac Dhonncha, é suite idir cúinne an Bhóthair Nua lastuaidh den Slinneán Bán agus Tobar an Bhualteora. Ceapfá gur gearradh amach ón talamh é, tá na taobhanna chomh géar sin agus ar bhealach sin a tharla, an cuas gearrtha amach ag an bhfarraige thar na céadta nó na mílte bliain. Nílím cinnte cad as ar tháinig an t-ainm ach tá sé luaite ag an gCrimhthaineach go raibh baint ag an teideal le fear a bhíodh thíos sa chuas go minic, é ag lorg éadála tar éis long dul go tóin poill. Deirtear go bhfuair an fear céanna, Tomás eile, rollaí leathair sa chuas uair agus píosaí eile a tháinig isteach ón mhuir chomh maith. B'fhéidir gur mealladh é agus go gcaitheadh sé a lán ama thíos as sin amach ag súil lena thuilleadh bronntanas ón bhfarraige. Ach chomh maith le sin agus de réir mo thaithí féin, déarfainn go raibh sé deacair do na hOileánaigh dreapadh isteach sa chuas seo agus mar sin fágadh le Tomás é, don chuardach, don suaimhneas agus don aonaracht.

Lá amháin tháinig fonn orm iarracht a dhéanamh dul go bun an chuais seo; bhí mé ag Tobar an Bhualteora ag an am ag fáil uisce dom féin. Sin déanta, in ionad dul díreach suas go dtí an Bóthar Thuaidh (mar a ghlaoidh ar an gcosán leathan atá ar aghaidh thuaidh an Oileáin), téim soir ar feadh cúpla céad slat agus casaim ar clé, amach ar bharr speire. Tá sé seo réasúnta leibhéalta agus é clúdaithe le féar tiubh milis. Ag fanacht le bruach na haille, siúlaim amach go deireadh; cinnte, tá an speir seo ard go maith agus géar go maith ar an dá thaobh. Stopaim agus breathnaím isteach sa chuas féin anois. Tuigim gan mhoill nach féidir liomsa dul síos ón taobh seo, an taobh thiar den chuas: tá claon na haille ró-ghéar, beagnach ingearach. Mar sin, téim ar mo ghogaide ar feadh cúpla nóiméad ag iarraidh bealach síos a aimsiú nó fiú a shamhlú, mé ag féachaint trasna ar an taobh thoir den chuas anois. Go maith, tá níos mó feire ar an aghaidh sin, beidh greim níos fearr ar fáil do chos agus do lámh. Agus



níl an claon ró-ghéar i gcomparáid leis an taobh thiar, ar a bhfuil suite go fóill. Ciallaíonn sé sin go mbeidh mé ábalta tornáil nó zig-zag a dhéanamh trasna agus síos an aghaidh thoir in ionad dul ag diandreapadh ar an aghaidh ingearach thuaidh. Mar a tharlaíonn, chomh luath agus a bhfuil trí cheathrú de shlí leagtha amach agam, glacaim leis gur féidir dul síos go hiomlán go bun an chuais; ní thugaim aon aird ar an gceathrú deireanach, an chuid atá carraigeach, ingearach, gan feire, contúirteach! Ach sin mise.

Ní chóir dom, ach anois go bhfuil bealach in aigne agam, sílim go mbainfidh mé triail as an chéad chuid de, an chéad chuid, a deirim liom féin. Éirím as mo ghogaide agus siúlaim timpeall imeall an chuais go dtí an taobh thoir. Druidim ón mbarr agus tosaím síos ar an raon atá in aigne agam. Téim b'fhéidir tríocha slat, sin go maith, éasca go leor. Ach mar is gnáth, ní stopaim nuair ba chóir dom: mealltar síos níos faide mé, agus níos faide arís. agus sar i bhfad, tá breis is leath den tslí curtha díom. Anois tá imeall an chuais go hard os mo chionn agus é ag dúnadh amach solas agus teas na gréine. Leanaim ar aghaidh. Táim imithe síos an oiread sin anois go ndeirim liom féin, “Siúr, lean ort

agus críochnaigh an turas, ní fiú dul ar ais anois.” Mar sin, ar aghaidh liom agus síos go hiomlán agus gan an iomad dreapadóireachta ach an oiread, buíochas le Dia.

Táim thíos agus tá carraigeacha ollmhóra trasna uaim, iad ar nós fáil i gcoinne na farraige. Tá siad níos airde ná mise, cuid acu caite suas ar a chéile, cuid eile ag suí ar bhruach na farraige, iad go léir gan ord, gan eagar, ar mhuintir mhairc a chéile. Siúlaim trasna na scairbhe, na céadta, céadta cloch bheaga, agus sliogáin in a measc, ag sleamhnú ar a chéile faoi bhrú mo mheáchain agus ag déanamh fuaime díoscánaí le gach coiscéim. Sroichim na carraigeacha ollmhóra atá anois mar fhalla idir mé féin agus an fharraige. Cé chomh fada a thóg sé chun an fál carraigeach seo a chruthú? Na céadta bliain, na mílte bliain? Ar thit cuid de na carraigeacha isteach ó thaobhanna an chuais, cuid eile óna bharr? Ar caitheadh isteach ón bhfarraige cuid eile díobh b'fhéidir? Caite suas ar a chéile ag an bhfarraige fhiáin i rith stoirm éigin; ansin iad atheagraithe arís agus arís eile ag na tonnta móra nó go raibh siad socair agus buan ar a chéile? Is cuma: chun go bhfeice mé an fharraige anois, is gá dom dreapadh suas ar na carraigeacha seo agus



dul amach trasna orthu. Bhuel déanaim é sin, go mall cúramach, ag fanacht siar go maith ón bhfarraige agus mé ar bharr na n-ulán seo: níl an snámh go maith agam, ní bheadh seans dá laghad agam i gcoinne chumhacht na dtionnta móra seo, d'fhéadfaidís mé a scuabadh amach ó bharr na gearraigeacha gan stró.

Téim i mo shuí ar leac. Ait an mothúchán a bhraithim anois, é chomh ciúin sin, chomh socair, b'fhéidir nach raibh duine ná deoraí sa chuas seo le caoga, fiú céad bliain anuas? Ó! Cuimhním go tobann ar ainm an chuais agus tagann sé chugam cad a bhíodh ar siúl ag Tomás anseo. Ar an bpointe, éirim agus téim ag cuardach idir na carraigeacha ar bhruach na farraige, ag breathnú síos sna spásanna eatarthu, ag cur mo cheann isteach in oscailt anseo is ansiúd, ag faire amach do pháosa beag leathair nach bhfaca Tomás nó páosa a bhí ró-ghreamaithe chun é a bhaint as dó! Amaideach ach sin mar a tharlaíonn agus tú leat féin san Oileán! Leanaim ar aghaidh leis an gcuardach ar feadh tamaill; b'fhéidir go n-imeodh caoga bliain eile sula mbeadh deoraí anseo arís! Ach tada, faic, níl raic mhara d'aon chineál, sean nó nua, le feiceáil anseo.

A thiarcais! Cad é sin! Rud éigin bídeach ag gluaiseacht taobh liom ar nós splanc thíntrí, nílím i m'aonair sa chuas in aon chor! Tá an "rud" díreach ar imeall mo radhairc anois, fanfaidh mé socair! Cleitearnach de chineál éigin, beach nó

féileacán nó cuileog mhór b'fhéidir? Ach sa chuas seo, síos anseo, in áit chomh doimhin nach bhfuil teas ná solas na gréine ann? Le mallghluaiseacht agus go bog séimh, cuirim lámh ar mo cheamara: tá seans ann go bhfaighidh mé pictiúr den eitleachán seo. 'Sé sin más eitleachán atá ann agus nach rud éigin eile, b'fhéidir sprid de chineál éigin! 'Dheabhail, gluaiseann sé go han-tapaidh trasna agus ansin lasmuigh d' imeall mo radhairc agus anois tá sé taobh thiar diom...measaim. Casaim go mall, ag cur droim chun farraige agus brollach chun cuais. Á! Sin é, sin é ag seasamh ar

charraig mhór gar dom, bhuel, bhuel, bhuel, is spideog bhreá álainn atá ann! Gan puinn eagla uirthi, í ciúin, socair, sásta léi féin agus í suite ar an gearraig. Agus is dócha go bhfuil sí fiosrach fúmsa, faoin ainmí ard dhá-chosach seo atá ag seasamh os a comhair amach sa chuas, a chuas féin b'fhéidir! Ní fheadair an rud gan áilleacht mise dí siúd agus chomh maith, an bhfuil saghas ionadh uirthi mar nach bhfaca sí ainmí mar seo sa chuas le fada an lá? Casaim go mall arís. Diaidh ar dhiaidh, ardaím an ceamara go súil, socraím an fócas agus brúim ar an gcnaipe agus...a dheabhail... imithe...imithe...tá sí imithe...ó, sin í, trasna uaim ar charraig eile! Bhuel, arís agus arís eile déanaim iarracht grianghraf a thógaint den éan bídeach seo, gan toradh. Ach faoi dheireadh thiar thall, bíonn trua aici dom agus stadann sí díreach os mo chomhair, fada go leor chun grianghraf a thógaint! Agus nach álainn iad na pictiúir a fhaighim: b'fhéidir go n-úsáidfidh mé mar íomha ar chárta Nollag ceann díobh, tá siad chomh maith sin. Míle buíochas a spideogín, a ghuím go ciúin. 'Dheabhail, tá sí imithe cheana féin, b'fhéidir suas chuig an baile nó isteach idir na carraigeacha b'fhéidir? Bhuel, sin sin, ní fheadair an mbuailfimid le chéile riamh arís?

Tá an t-éan imithe agus is dócha go bhfuil sé in am domsa imeacht chomh maith. Ullmhaím chun dul – gach rud bailithe – ní mian liom rian de mo chuairt



a fhágáil sa chuas. Sracfhéachaint go barr agus leagam amach mo bhealach éalaithe. Ar an taobh clé den aill, cuid den slí suas, tá rian de chosán le feiceáil, é tanaí agus géar agus ag dul sall agus anall agus suas de réir a chéile. Cosán caorach. Táim buíoch: más rud é go n-úsáideann na caoirigh é seo, bhuel, is féidir liomsa é a úsáid má bhím cúramach go maith. Chun a bheith cinnte, breathnaím arís agus go géar ar an raon seo, mar uaireanta bíonn slí amháin ag na caoirigh chun teacht aníos agus ceann difriúil chun dul síos. 'Sea, táim sásta go bhfuilim ag breathnú ar chosán a thógfadh suas mé. Sin ráite, tá dianobair le déanamh anois chun barr an chuais a bhaint amach. Tá dreapadóireacht chrua, thuisiúil, dhainséarach i gceist agus súfaidh sé an fuinneamh asam. Beidh orm bheith go hiomlán aireach, céad faoin gcéad agus níos mó. Tá sé in am bogadh.

Ar ais trasna na gcarraigeacha ollmhóra agus síos agus trasna an scaineagáin go taobh na haille. Le cos, lámh, méar, glúin, uileann, ardaím mé féin suas ar an gcéad leac den aill, é ingearach go maith. Go mall cúramach ansin, cuirim lámh os mo chionn agus beirim greim ar bharr thanaí na leice. Sleamhnaím trasna beagánín, sínim amach an tarna lámh agus tarraingim mé féin suas taobh na carraige sin. Le deacracht, cuirim cos ar aragail bheag agus fanaim socair, ag tógaint sosa agus mé ag luí go dlúth i gcoinne na chéad charraige eile. Leanaim ar aghaidh sa tslí

sin, ag dul suas ó leac go leac, ag dul in airde go mall cúramach, gan bhrú, gan deifir, ag tógaint sosa nuair is gá. I gcónaí, coimeádaim greim buan ar charraig le lámh amháin sula gcuirim an tarna lámh amach ag lorg greim eile. Agus mar is gnáth, coimeádaim cos amháin buan sula n-ardaím an chos eile, an ceann buan socair go leor chun seasamh go hiomlán ar sin amháin, más gá. Sin é an stíl dreapadóireachta atá agam, bheith ábalta seasamh le mo mheáchan go hiomlán ar chos amháin sula n-ardaím an ceann eile agus chomh maith le sin, lámh amháin coimeáda go daingean ar ghreim láimhe sula gcuirim an tarna lámh amach. Agus i gcónaí cinntím go bhfuil mo mheáchan láir ag brú an choirp isteach i gcoinne na haille, chun bheith dearfa go bhfuil an chothromaíocht ag obair i mo bhfabhar an t-am ar fad. Sin ráite, bí cinnte gur féidir le timpiste a tharla fós. Caithfear bheith mall cúramach an t-am ar fad, meabhrach faoi d'fhuinneamh, do chothromaíocht, faoi ghreim na lámh agus seasamh na gcós, faoi láthair an chéad ghreim eile agus an greim ina dhiaidh sin arís. Bíonn ort bheith aireach faoi do smaointe fiú, gan chead éirí diúltach, gan chead do histéire dul i b'fheidhm ort riamh, ach go háirithe má bhíonn tú greamaithe ar thaobh na haille, ag ceapadh nach bhfuil aon dul suas ná síos agat. Pé scéal é, ar an lá seo, tá an t-ádh liom agus níl an dreapadóireacht ró-dhian: ní fada go mbainim amach cosán tanaí na gcaorach. Cé go bhfuil sé seo caol, tirim agus ag bruscarnaíl in áiteanna, domsa tá sé i bhfad i bhfad níos fearr ná

bheith ag déanamh na fíordhreapadóireachta ar aghaidh charraigeacha na haille: áit go bhfuil cosán, níl claon na haille ró-ghéar don duine. Táim ag siúl anois, ar an gcosán neamhbhuan tanaí seo, cos i ndiaidh a chéile. Ní fada go mbainim amach barr Chuas Thomáis 'ac Dhonncha, mé tuirseach go maith ach slán sábháilte agus sásta liom féin anois.

Bhuel! Dá bhfeicfá an radharc a bhronntar orm tráthnóna! Ardaím mo cheann thar imeall an chuais agus go tobann tá an domhan geal arís. Tá an spéir mar cheannbhrat bánghorm os mo cionn, gan rian de scamaill inti. Tá meall ruithneach na gréine ag leagadh a gathanna órga ar chuas agus ar ghort, ar sliabh agus ar aill, na léasacha sin ag cruthú scáileanna dorcha in áiteanna eile ag an am céanna. Aghaidh fhada thuaisceart an Oileáin ag síneadh amach uaim go dtí an Dún, taobh na haghaidhe, glas leis an bhféar breá, donn in áiteanna eile de bharr chréafóg móna, corcra chomh maith áit a bhfuil fraoch agus ansin liath síos ar thaobh na n-aillte carraigeacha. Siar amach uaim ar imeall na farraige, an Tiaracht, ag suí go buan, socair, compordach ansin, í ildaite faoi sholas na gréine. Tá a haille lasta faoin solas seo, na scailpeanna agus na góilíní liath agus dubh de bharr na scáileanna, é seo go léir ag déanamh imeartas solais ar an timpeallacht. Agus féach an fharraige! Í séimh, gorm don chuid is mó, ach gar don chósta í breacaithe le tonnta bhána, iad cuartha agus saghas chomhthreomhar leis an gcósta ag an am céanna, iad ag druidim isteach is amach go rialta inniu. Agus mar a bhíonn riamh, An Fear Marbh, Inis Tuaisceart, í go ciúin téagartha ansin, ag luí ar bharr na farraige, na lámha lena chéile ar a bholg, an t-oileán céanna glas agus liath an tráthnóna seo. 'Sea, mise ar mo sháimhín só tar éis na hoibre, fiú an gaisce, atá déanta agam, ag suí faoi sholas agus teas na gréine, leis na radhairc áille mórthimpeall, leis an ngaoth bhog trasna m'aghaidhe, le fuaim na dtionnta agus grág na cabhóige i mo chluasa agus crónán na mbeach leis. Parthas.

Tar éis sosa an-deas léirsmaointigh, éirím agus abhaile liom go dtí mo thint, mé sásta liom féin agus leis an lá iontach a bronnadh orm ag an Oileáin.



‘Slinnte Pheig’

Oscailt Taispeántais ag Féile na Bealtaine in Ionad Oidhreachta an Bhlascaoid, 30 Aibreán 2015

Pádraig Ó Héalaí

Taitníonn teideal an tsaothair seo go mór liom — ‘Slinnte Pheig’ leis na healaíontóirí Dairena Ní Chinnéide, an file, agus Ken Bolger an t-ealaíontóir físeach. Nuair a thuigeas cad a bhí i gceist leis an dtaispeántas seo mhothaíod gur phribhléid é bheith bainteach le togra chomh fiúntach leis, fiú más cliathánach go maith é, ón uair go bhfuil an obair go léir bainteach leis curtha i gcrích ag an mbeirt ealaíontóirí.

Le fada anois tá leabhartha Pheig againn, tá scéalta Pheig againn, tá taifeadtaí Pheig againn, agus cuireann gach aon cheann acu sin ar ár gcumas greim de shórt éigin a fháil ar an mbean iomráiteach san, Peig Sayers. Tá sí i láthair ina slí féin iontu go léir, is féidir teagmháil a dhéanamh léi tríothu, agus tugann siad ar fad seans dúinn breith ar eireaball ar shlí éigin uirthi. Ach anois chun cur leo san, tá ‘Slinnte Pheig’ againn, a thugann éachtaint eile fós dúinn ar an mbean féin. Tá radharc nua uirthi sna slinnte seo a léiríonn a pearsantacht agus a tréithe i bhformáid ealaíne ildánach, le focail fhileata agus le léiriú greanta físiúil.

Pearsa mhór í Peig i scéal an Bhlascaoid i dtús na 20ú haois. Phós sí isteach ann in aois na naoi bliana déag in 1892, agus cé ná raibh aon chaint ar spré — níor ghnách é i gcás mná a phósfadh isteach san Oileán — mar sin féin, níor tháinig sí dealbh. Bhí a cláirín déanta ar obair chrua aici, agus taithí áirithe aici ar an saol, agus thar aon ní eile, bhí fáiltas mór scéalta aici, a thug sí léi, cuid mhaith, óna hathair agus óna timpeallacht i mBaile Bhiocáire. Bhí suim bun os cionn aici i gcúrsaí seanchais agus bhí a haigne múnlaith ag lón intinne an traidisiúin bhéil. Ba bhean í go raibh seilbh aici ar réimsí móra dá hoidhreacht dúchais — ‘umar seanchais’ mar a deireann Dairena fúithi i gceann dá dánta. Dá chomhartha san, tá an bailiú atá déanta ó Pheig ar cheann de na bailiúcháin béaloidis is coimsithí a tógadh ó aon fhaiséiseoir sa tír seo. Is teist an-soiléir ar an bhfuaimeant a bhain le caint na mná seo agus ar an mianach a bhí inti féin gur mhór ar fad an sásamh a bhain scoláirí mar Robin Flower, Kenneth Jackson, Heinrich Wagner agus Seán Ó Súilleabháin, as a cuid scéalaíochta le linn í bheith beo, agus tar éis a báis gurbh ábhar taighde agus léinn acu siúd agus ag go leor eile a cuid scéalta. Sa chomhthéacs seo ba mhaith liom tagairt go háirithe do Bho Almqvist agus do Dháithí Ó hÓgáin go raibh obair na mblianta caite acu ag réiteach téacs a cuid scéalta go léir don chló nuair a sciob an bás go míthráthúil uainn iad.

Ní móide, áfach, go mbeadh aon aithne mhór uirthi, mura mbeadh, go luath tar éis di teacht ann, gur chuaigh cáil an Bhlascaoid amach mar áit go raibh seasamh faoi leith aige sa saol Gaelach. Tá a bhuíochas san ag dul do na cuairteoirí a tháinig ann ar thóir na Gaeilge agus a thug gean don sórt saoil a fuair ann rompu. Sin iad a spreag Oileánaigh chun tuairiscí ar a saol a chraobhscaoileadh chun an domhain mhóir ionas gur fíor arís do Dairena nuair a deir sí: ‘mura mbeadh an t-oileánachas, ní bheadh an peigeachas.’ Cuireann Robert Kanigal síos mar a leanas ar na cuairteoirí seo agus ar an tarraing a bhí sa Bhlascaod dóibh ina leabhar *On An Irish*



Island (New York 2012, 254-5):

We have only to turn to the visitors themselves to see what captured their imaginations; persistent themes run through their writings. They tell of the peculiar dignity and grace of the island people, of their abiding hospitality. They tell of their bravery and strength and capacity to endure. They tell of how with reading writing and prepackaged distractions such a small part of their lives, vitality shot through their everyday human interactions. They tell of the islanders as creators of joyful music, exuberant dance, and artful language, not mere consumers of them. They tell of time taken to enjoy moments of extraordinary natural beauty.

Ba iad na cuairteoirí seo ceannródaithe na turasóireachta cultúrtha agus is iad seo a chuir ainm Pheig in airde mar dhuine speisialta — bean go raibh bua neamhghnách aici maidir le hábhar an traidisiúin bhéil. Seo an cur síos a thug Bláithín uirthi ina leabhar *The Western Island* (Oxford 1944, 49):

Peig Mhór is one of the finest speakers on the Island; she has so clean and finished a style of speech that you can follow all the nicest articulations of the language on her lips without any effort; she is a natural orator with so keen a sense of the turn of phrase and the lifting rhythm appropriate to Irish, that her words could be written down as they leave her lips ... she is wont to illustrate her talk with tales, long and short, which come in naturally along the flow of conversation, and lightens up all our discourse of the present with the wit and wisdom and folly and vivid incident of the past.

Tá friotal fileata curtha ag Dairena ar bhua seo Pheig in dhá cheann de na slinnte seo:

... taisce chruinn
ina cuimhne eachtraíochta
a sháraigh an réaltacht lom
máguaird uirthi
le craiceann a chur ar scéal
do mhúnlaigh sí lena healaín bhéil
saibhreas is treise a dúchais.

Agus arís:

... *this incarnation of Irish lore
told stories
to be heard by the ear
with gracious ease.*

Ealaíontóir béil ab ea í gan dabht agus is é an rud a dhealaíonn í ó mhná agus ó fhir eile go raibh raidhse scéalta acu chomh maith, ná go dtarlaíonn go bhfuil taifead ar fáil dá scéalta siúd a thaispeáineann a máistreacht ar cheard na scéalaíochta.

Tá pointe spéisiúil faoin scéalaíocht gur fiú tagairt dó sa chomhthéacs seo mar go gcuireann sé lenár dtuiscint, is dóigh liom, ar thábhacht an traidisiúin bhéil, an ghné sin dár n-oidhreacht atá á ceiliúradh ag na slinnte maisiúla seo. Chuige seo atáim: nuair a bhíonn seanscéal á insint ag Peig nó ag aon seanchaí eile, tá rud le clos uathu de bhreis ar ghlórtha a mbéal féin: tá glór na nglúnta atá imithe le clos leis ar chúl a bhfuil ag teacht ó bhéal an tseanchaí. Sin í an chúis go dtuilleann an seanchaí ómós — toisc, le cois bua a insinte féin, go bhfuil glór na sinsear á chur i láthair aige nó aici chomh maith, agus tá an rud céanna fíor, ar ndóigh, i gcás amhránaí sean-nóis.

Déanann an scéal nó an t-amhrán lúb eile i slabhra an traidisiúin don lucht éisteachta, cothaíonn sé leanúnachas idir iad féin agus a muintir atá imithe rompu agus a thug cluas uair dá raibh don scéal nó don amhrán seo. Tá an méid sin tábhachtach mar gur leanúnachas den saghas seo atá mar bhunchloch faoin sibhialtacht. Is trí earraíocht a bhaint as taithí agus as tuiscintí na sinsear a bhunaíonn agus a chothaíonn



pobal daoine a gcultúr féin.

Is scéal spéisiúil ann féin é conas mar a tharlaíonn dánta agus dearadh ealaíona físiúil ar na slinnte seo ó dhíon thigh Pheig Sayers. Tá a bhuíochas ag dul go háirithe do Ken Bolger, ealaíontóir oilte ó Bhaile Átha Cliath, a bhfuil a chuid saothair taispeáinte in a lán dánlanna roimhe seo ach atá curtha faoi sa taobh seo tíre agus tuiscint ag fás chuige ar theanga agus ar dhúchas na háite. Díríonn Ken ina chuid saothair ar ealaín a chruthú trí bheatha nua a thabhairt do rudaí go bhfuil deireadh tagtha le pé úsáid phraiticiúil a bí acu tráth, rudaí a bhfuil a seal istigh, iad caite amach anois agus gan aon chúram feasta díobh. Tugann sé seal eile aimsire do na rudaí seo mar maisíonn sé iad agus, déanann iad a athchúrsáil agus cuireann ar ais os comhair an tsaol arís iad mar phársaí ealaíne. *I find my art*, a deireann sé féin, *in giving a new value to something discarded as past its usefulness, and giving it a new form as an object of beauty, a new purpose.*

Tá an-chreidiúint ag dul do Ken go raibh sé de ghéarchúis aestetiúil ann go bhfaca sé an fiúntas a bhainfeadh le beatha nua a thabhairt do sheanshlínnte a chuala sé a bhí á gcaitheamh anuas agus á mbriseadh de dhíon thigh Pheig Sayers sé bliana déag ó shin. Chuaigh sé don Oileán, thug leis oiread is a d'fhéadfadh sé acu, agus tá toradh na dúthrachta a chaith sé leo agus an maisiú caithiseach a dhein sé orthu le feiscint againn anseo tráthnóna. Thuig sé go bhféadfaí rudaí áille a dhéanamh díobh seo agus go gcuirfeadh sé go mór lena chuid oibre féin ach dánta ag ceiliúradh Pheig, ó bhanfhile aitheanta ó Chorca Dhuibhne, Dairena Ni Chinnéide, a bheith greanta orthu chomh maith. Chuadar i bpáirt sa togra agus tá an toradh taibhseach a bhí ar an gcomhoibriú á sheoladh tráthnóna againn. Tá láimhseáil ealaíonta déanta ar dheardh na slinnte agus molaim go háirithe an íogaireacht chultúrtha a léirigh sé nuair a bheartaigh sé buanú ealaíonta a dhéanamh ar shlinnte Pheig Sayers.

Cheapfainn go mbeadh Peig an-sásta go bhfuil an tarna beatha anois, i bhfoirm ealaíne, ag slinnte a tí. Bean ab ea í go raibh tuiscint mhaith aici don siombalachas a bhaineann le gnéithe den bhéaloideas. Is cinnte gurbh eol di an ceangal siombalach a thuig an seandream a bhí idir muintir an tí agus

rudaí a bhain go dlúth leis an dtigh féin. Bhí a fhios aici, mar shampla, gur gheall le hádh an tí a ligint amach as an dtigh é, spré ón dtíne a scaoileadh thar tairseach amach ar ócáidí áirithe.

Ar ndóigh, ba í an tine croí an tí agus is furasta linn nasc láidir siombalach a shamhlú idir í agus muintir an tí. Ach má ba í an tine croí an tí, ba é an díon a cheann, agus b'fhéidir gur cheadmhach dúinn anseo nasc siombalach a mhaíomh idir na slinnte agus bean an tí. An rud a bhain le duine — aon rud a bhí ina sheilbh agus a bhí an-luachmhar agus tábhachtach dó — bíonn ceangal mothálach idir an duine agus an rud sin, ceangal a mhaireann fiú má scarann am nó spás iad. Sin í an chúis gur luachmhar ar fad linn rudaí pearsanta le duine muinteartha nó cara linn atá fachta bás nó imithe i bhfad ó bhaile — fáinne, nó táth gruaige nó paidrín nó píp, abair. Mothaímid ceangal tríd an rud sin leis an duine atá imithe, mothaímid go bhfuilimid i dteagmháil i slí éigin leis trí na rudaí pearsanta seo, go bhfuil greim againn ar shlí éigin ar an duine tríothu. Maíonn údair áirithe gurb é an bunús atá leis an luach a chuirimid le rudaí mar seo ná go samhlaímid i bpóirse dár n-aighe nach fuil faoi smacht an réasúin, gurb amhlaidh ata iarsma éigin den duine féin i láthair sna rudaí beaga sin. Nach deas mar smaoinemh é, dá réir sin, a cheapadh go raibh trí na slinnte seo óna tigh, cuid éigin de bhua ealaíne Pheig féin faoina lámha ag Dairena agus Ken agus iad ag díriú a dtalann orthu.

Tá trácht déanta agam ar Pheig agus ar Ken agus is mithid anois dom diriú ar an triú pearsa sa trionóid seo, mar atá mo chomharsa bhéal dorais ó Bhaile an Mhúraigh, Dairena Ní Chinnéide. Is údar mórtais dom a rá go bhfuil cáil bainte amach ag Dairena mar fhile i nGaolainn agus i mBéarla agus ní gan chúis é sin. Tá seacht mbailiúchán dá cuid filíochta foilsithe idir Ghaolainn is Bhéarla ó 2006. Tá duaiseanna gnóthaithe aici i gcomórtaisí filíochta agus aitheantas tugtha di le sparánachtaí ó Bhord na Gaeilge, An Chomhairle Ealaíon agus ó Ealaín na Gaeltachta. Roghnaíodh í mar ionadaí ón dtír seo le freastal ar ócáidí mar an International Writers Festival i Slovenia; Ionad Cultúrtha na hÉireann, Páras agus Cuairt na mBard ar Albain. Tá cuireadh fachta aici a dánta a léamh ar ócáidí gradamúla mar an Strokestown International Poetry Festival, Franco-Irish Literary Festival agus sa Tigh Bán i Washington — gan ach beagán acu a lua agus ní ceart dearmad a dhéanamh ach oiread go mbíonn sí páirteach in ócáidí a thugann stáitse don bhfilíocht anseo i gCorca Dhuibhne — Féile na Bealtaine agus an Fhéile Bheag Filíochta, mar shampla.

Níl aon amhras mar sin ar a cumas fileata agus is léiriú gléineach ar a bua iad na dánta atá curtha aici ar na slinnte seo a bhfuiltear á seoladh tráthnóna. Tá trí dhán acu ann in nGaolainn agus trí cinn i mBéarla. Léiríonn gach aon cheann de na dánta seo tuiscint ghrinn ar ról Pheig mar theanga labhartha a muintire agus coimsíonn siad go healaíonta gnéithe dá pearsantacht láidir féin. Is píosaí breátha iad a dhéanann comóradh cuí ar bhuanna na mná seo agus tuilleann siad iad a léamh agus cluas a thabhairt dóibh ar an ócáid seo, rud a dhéanfar ar ball.

Sa dán Béarla uimhir 4 tagraíonn Dairena don éagóir a deineadh ar an leabhar *Peig* nuair a cuireadh i láthair daltaí meánscoile an Stáit seo é mar leabhar a bhí le léamh agus le meas acu mar mhír litríochta. Ní hionadh míthuisic mhór



orthu maidir le fiúntas an leabhair agus thuigfeá do dhaltaí áirithe má dheineadar sprioc le clocha a chaitheamh leis an dá phictiúr a bhí ar an gclúdach.



Tagraíonn dán 6 d'éagóir eile a deindeadh ar Pheig bhocht trí chinsireacht throm a dhéanamh uirthi- ní léireofaí í ag déanamh rudaí nach raibh inghlactha do mheon cúng cuid den elite sna céad ghlúnta den Stát seo e.g. ólachán eascaini, mí-iompar gnéasach agus ar eile. Is d'fhonn í a chur chun cinn mar eiseamláir ar an mbean idéalach Ghaelach a deindeadh é sin agus bhí de thoradh air gur léiríodh Peig i slí easnamhach mhímhacánta.

Tá a chomhholadh le Dairena ag dul don láimhseáil ealaíonta atá déanta ag Ken ar dheardh na slinnte. Is álainn go deo na píosaí atá curtha ar fáil aige agus molaim go hairithe an íogaireacht chultúrtha a léirigh sé nuair a tuigeadh dó gur cheart ar fad buanú ealaíonta a dhéanamh ar shlinnte Pheig Sayers.

Táimid faoi chomaoin ag an mbeirt ealaíontóirí seo agus go raibh míle maith acu.

Sraith Nua TG4 le craoladh Earrach 2016

Lorcán Ó Cinnéide

Runaí, Fondúireacht an Bhlascaoid
agus
Comhléiritheoir na sraithe.

Le linn Earrach na bliana 1993, deineadh sraith agallamh le formhór na ndaoine a bhí tar éis maireachtaint ar an mBlascaod. Bhí an Fhondúireacht seacht mbliana ar an bhfód, an tIonad i nDún Chaoin á thógaint, agus thograigh an Fhondúireacht taifead a choimisiúnú in ómós agus mar chuimhne bhuan do phobal an Bhlascaoid agus a bheadh mar ábhar cartlainne agus taighde.

B'é toradh na hoibre ná sé agallamh déag, agus ní mór tús áite a thabhairt d'ainmneacha na ndaoine sin a ghlac páirt, a bhformhór anois ar shlí na fírinne: Pádraig 'Peaití' Ó Duinnshléibhe, Máire 'Ghobnait' Bn. Banes, Seán 'Faeili' Ó Catháin, Seán 'Pheats Tom' Ó Ceárna, Muiris Ó Guithín, Seán Ó Guithín, Máire Ní Shúilleabháin Uí Ghearrailt, Seán Sheáin Í Cheárna, Cáit Ní Chatháin Feirtéar, Bidí 'Cheaist' Uí Chatháin, Pádraig 'Peaidí Mhicil' Ó Súilleabháin, Lís Ní Chatháin Uí Laoithe agus Cáit Bean Uí Cheárna. Buíochas le Dia, tá Niamh Ní Chriomhthain Uí Laoithe, Máirín Ní Dhuinnshléibhe Uí Bheoláin agus Gearóid 'Cheaist' Ó Catháin linn go ceolmhar fós. Bhíodar go léir go hiontach.

B'í Edna Uí Chinnéide, an té a chum is a cheap an togra, an léiritheoir, le Máirín Ní Laoithe Uí Shé mar léiritheoir cúnta. Earcaíodh an scannánaí clúiteach Bob Quinn mar stiúrthóir agus Micheál de Mórdha, craoltóir an uair sin le Raidió na Gaeltachta, chun na hagallaimh a dhéanamh. B'iad an bheirt deartháireacha Séamus Deasy agus a dheartháir Breandán a bhí i mbun scannánaíochta agus fuaimhe.

Cuireadh cóip den ábhar in Ionad an Bhlascaoid agus deineadh na hagallaimh



a chur i gcló san Ionad. Tá an t-ábhar ar fáil do lucht taighde agus tá cead úsáid a bhaint as – ar an ngnáthchoinníol go dtugtar aitheantas don bhFondúireacht ó thaobh cóipchirt. Eisíodh achoimre mar fhíseán freisin faoin teideal *Scéalta ón mBlascaod*.

Bhí an bunábhar scannáin i dtaisce ar feadh na mblianta ag Séamus Deasy, agus roinnt blianta ó shin, tháinig Séamus air arís. Chuaigh sé i gcomhar le Gerry Gregg, léiritheoir teilifíse iomráiteach, agus thángthas ar an smaoineamh sraith chláracha a bhunú ar an ábhar, rud gur aontaigh an Fhondúireacht leis. Ag deireadh 2014, dhein TG4 coimisiúnú ar shraith sé chlár agus chuaigh Gerry agus a bhuíon oile i mbun oibre i dtús 2015.

Bhí an scannán ag lobhadh leis, mar a thárlaíonn, agus deineadh digitiú ar an ábhar ar fad chun é a chur ar ais go caighdeán craolacháin, rud a chosain cuid mhaith airgid. Tabharfar ar lámh don Fhondúireacht an t-ábhar seo ar fad, maraon le scannánú breise a deineadh i 2015. Déanfaidh an Fhondúireacht cinneadh amach anseo conas is fearr úsáid a bhaint as an seoid luachmhar seo.

Tháinig an criú go Corca Dhuibhne i Mí Feabhra agus arís sa Bhealtaine le breis scannánaíochta agus agallaimh bhreise a dhéanamh le Máire Ní Shúilleabháin Uí Chiobháin, leis an údar Cole Moreton, le Gearóid Cheaist Ó Catháin, Máirín Uí Bheoláin agus daoine eile. Beartaíodh freisin, le cabhair TG4, agallaimh bhreise a dhéanamh i Springfield agus i Nua Eabhrach, Mass., go háirithe leis an Dochtúir Micheál Ó Céarna.

Bhí an t-uafás cíortha agus taighde le déanamh chun an t-ábhar ar fad a chur in oiriúint mar shraith theilifíse. Bhí ana chabhair ó Dháithí de Mórdha in Ionad an Bhlascaoid maidir le heolas agus grianghraif as cnuasacht an Ionaid, agus dhein Rónán Ó Muireagáin sár jab mar eagarthóir.

Tá an tsraith sé chlár leathuair



“Cuimhní ón mBlascaod” léirithe ag Praxis Pictures, stiúrtha ag Gerry Gregg agus le craoladh ar TG4 go luath sa bhliain 2016. Beidh sé ina ábhar mór spéise ag clann an Bhlascaoid: idir uaigneas is greann, tuiscint agus cuntas lom, fírinneach, díreach (agus b’fhéidir conspóideach in áiteanna) acu siúd is deireannaí a mhair san Oileán Tiar. Tá cur síos ar ghnéithe dá saol, ar na pearsanra a bhain leo agus tá faisnéis tharraingteach ann ar laetha deiridh an phobail sin. Is fiú féachaint air!

Faoi mar is eol do chách, cailleadh Micheál Ó Céarna geall le trí mhí tar éis dó dhá lá a thabhairt faoi agallamh i Springfield sa Bhealtaine. Bhí deis aige na cláracha a fheiceáil laethanta beaga roimh bhás dó. Ba é a bhreith go raibh rud maith déanta, agus tá súil ag an bhfoireann léirithe go n-aontóidh sibh leis.

Is léiriú, más gá é, an tsraith theilifíse ar chomh tábhachtach is a bhí agus atá obair dheonach na Fondúireachta le caomhnú agus cur chun cinn oidhreacht an Bhlascaoid. Buíochas le gach duine a chabhraigh agus do TG4 a thug an deis dúinn na scéalta seo a chur i láthair an phobail: Súil Eile!

The Business Man with Heart and Other Problems

Ray Stagles

Paddy's first mistake was to ignore the small print, which says "weather permitting". This is on a notice about a 'daily' ferry to the Great Blasket Island from Dunquin. His second mistake was to be misled by his happy experience of four years before, when he had come over to the Island for the very first time (in my company, as he reminded me), on a day trip in a spell of settled fine weather. He had regretted ever since that he hadn't stayed overnight, as he could have done.

This September 1st he had come down from Dublin for a few days' holiday by himself, nothing planned. He had found himself on the Dingle Peninsula again; it was a fine, sunny morning with a moderately fresh wind. The Island looked splendid across the Sound. So, on an impulse, he took the ferry, and then, on a second impulse, making his third and decisive mistake, decided to stay overnight, meaning to return to the mainland on the ferry the next morning. All this he told me when I met him, happy as a schoolboy, in the early evening on the grass road above the An Leaca Dhúch, two hours after all the other day visitors had left.

The forecast that morning had been of a decisive change in the weather approaching within the next 24 hours, with freshening winds from the south and south-east, increasing steadily to gale force. No, he said, he hadn't heard the forecast, but if he had to stay an extra day on the Island it wouldn't matter all that much. I shut up, and let him enjoy the beautiful late evening sunshine and his graduation from day visitor to overnight guest.

The next day the forecast came true. It started with great gusts of wind in the Blasket Sound – immense expanding scurries on the surface of the sea, made apparently by some huge blowing head one hundred feet above the sea itself, as in old maps. Then, when the sun came out at mid-day, the great seas began flowing through the Sound from the south, stretching all the way from An Gob, the headland to the south of the village, to Liúir rock off Dunmore Head. Paddy was taken aback, but outwardly kept calm. He did not say so, but was almost certainly thinking, indeed

desperately hoping, that with another 24 hours the gale would blow itself out, and he would be off the Island and driving back to Dublin.

As the hours, and then days, passed, we learnt that he had problems. First, he suffered from a minor heart condition, which he was able to control quite well with pills ñ but the pills were in his car on the cliff top at Dunquin. Second, he hadn't told his family that he'd decided to come over to the Great Blasket. They would be expecting a phone call from him and wouldn't be getting it. Thirdly, on the Thursday of that week he had an important meeting in Dublin to do with his family business, where he, his solicitor and bank manager had to sign various legal documents. There were about ten other people on the Island with him, but not for a single one of us did being out off from the mainland for several days matter two pins. The people running the guest house greeted the storm as a welcome break from day visitors, who had come in their hundreds each day for several weeks. For the rest of us, on longish holidays, the great winds and seas and sunshine were a pure delight. What made that week especially exciting was that from the second day of the storm groups of seals started to appear off the Strand, and then on the Strand itself. In fact, by the third day over 150 were gathered in the lee of the cliffs at the north end of the strand. For them it was the beginning of winter quarters.

On the Wednesday, Mícheál Ó

Conchúir, the ferryman, was contacted by radio, and able to report back later that he'd reached Paddy's wife by telephone, and to pass on to Paddy her assurance that she would be able to cope with the business meeting the next day. That lessened the tension for Paddy considerably, but the underlying sense of desperation and anger at being most unreasonably detained persisted. "Why doesn't the ferry come now? The sea looks all right to me," he'd say whenever there was a brief lull in the wind. It was no use pointing out to him that the spray was still bursting up the cliffs all along the mainland coast.

On the Saturday he couldn't take it any more, and 'exploded'. He insisted he *must* get off the Island that day. Fortunately the guesthouse was able to make contact by radio with the Valencia Lifeboat Station, and explain Paddy's predicament. They told us that another warning had been given to all small boats to stay in harbour as the bad weather was set to continue. So the ferry would not be coming out that day. Yes, they could bring a lifeboat to take him off, but suggested that the Air Sea Rescue Helicopter Service based at Shannon might be a better idea. They said they would contact Shannon and call us back, and did just that, with clear and simple instructions. Paddy was to be at the north end of the Strand at 8 p.m., when the helicopter would arrive and take him off to the Tralee General Hospital for a check-up. (Not what he wanted at all.



Photo: Irish Air Corps

Why couldn't they drop him near his car at Dunquin? However, he had no choice.)

So, by 7.45, in the gathering twilight, we were all standing in the shelter of An Gleann Mór where it reaches the White Strand, scanning the skies to the north, in case the plane came down the west coast, and then to the east, on the chance that it would come across Dingle Bay, which it did. But just as it was making its landing approach Marie gave vent to an unwanted expletive – she had just discerned the ferryman's rubber dinghy approaching the Island harbour! Incredibly, both helicopter and ferry touched land at the very same moment. Which offer of rescue should Paddy take? Again, he had no choice. Within seconds a helmeted figure in camouflage battle dress was

hurrying towards us, in a stooping position (just as in M*A*S*H), grabbing Paddy by the arm, and helping him into the plane. In a moment it was away, and then no more than a gnat in the sky disappearing over Dunmore Head.

We made our way slowly to the harbour, none of us relishing facing Mícheál! The substance of what he said to us was this; he had been trying to raise us all day on the walkie-talkie radio, but there was never any response. Our batteries must have been flat. Knowing that Paddy was suffering from a heart condition he had taken the risk of coming out to fetch him off. (That is in the tradition of courage of these parts, established over many years by curragh men.)

There was only one adequate response to Mícheál's wasted effort. It was really time for me to leave, and also for two young Canadians who had been camping on the Island all that week. We said we would all go back with him that night, and we did – not without incident, as they say – but we finally landed safely at Dunquin Harbour in pitchblack darkness some two hours later.

Paddy had his check-up at Tralee General Hospital; was kept there overnight, discharged the next morning, and back at work in Dublin on the Monday.

I hear he has been back again to the Island since. Good for him!



Radharc spéisiúil ar Bhun an Bhaile sa Bhlascaod, tógtha ag Placido Castro del Rio ón Ghailís sa Spáin, 1928. Bhí dlúthbhaint aige le Rí an Oileáin, Pádraig Ó Catháin, agus bhí cuid dá ghaolta i láthair ag seoladh leabhar Jerry Hayes agus Eliza Kane, *The Last Blasket King*, mar chuid do Cheiliúradh an Bhlascaoid 2015.

– Buíochas le Mícheál de Mórdha

IOMRAMH ALBAN

(8-11 Aibreán 2015)

Micheál de Mórdha

Um Cháisc na bliana seo do rinneadh turas caradais agus ceangail cultúrtha idir phobal Iarthar Duibhneach agus phobal Oileáin Thiar na hAlban agus d'éirigh thar cionn leis an dtionscnamh.

Ba é príomh aidhm an turais ná malartú a dhéanamh ar dhá thaispeántas suntasacha a bhaineann le dhá oileán ar leith – **An Blascaod Mór** i gCorca Dhuibhne agus **Oileán Hiort (St. Kilda)** in Iar-Thuaisceart Alban. Is iad na taispeántais seo: 'Fairscin Inise' agus 'Sgeulacht Hiort'.

Cuireadh 'Fairscin Inise' le chéile in **Ionad An Bhlascaoid, Dún Chaoin** sa bhliain 2013 (mar chuid den chomóradh ar thréigean An Bhlascaoid Mhóir, a tharla sa bhliain 1953). Cnuasach atá ann de 60 sean-phictiúir ón mBlascaod Mór, a tógadh ansin idir 1890 agus 2010 agus tá an leabhar 'An Blascaod Mór – *Portráid Pictiúr*' (de Mórdha, Micheál agus Dáithí, Collins, Corcaigh, 2013), bunaithe ar an dtaispeántas seo, maille le fotheidil as Gaeilge agus as Béarla.

Taispeántas de 16 painéal eolais, maisithe le grianghraif agus a bhfuil an



Bàgh a' Chaisteil, Oileán Barra

t-eolas ann as Gáidhlig agus Béarla, atá i Sgeulachd Hiort. Ar na dreamanna a bhfuil baint acu leis an taispeántas iontach seo tá **Comhairle na n-Eilean Siar** agus **Ollscoil St. Andrew** i Fife in Albain. Do bhí an taispeántas seo ar siúl in Ionad Ealaine agus Oidhreacht ar a dtugtar **Taigh Chearsabhagh**, i Loch nam Madaigh, Uibhist A' Tuath, in



Tigín Dubh in Uibhist a' Tuath

Oileáin Thiar na hAlban, ar feadh cúpla mí i ndeireadh na bliana 2014.

Do rith sé liom, agus mé i gceannas Ionad An Bhlascaoid Mhóir i nDún Chaoin ag an am (2014), gur mhaith an rud é dá bhféadfaí idirmhalartú a dhéanamh ar an dá thaispeántas seo uair éigin i 2015 os rud é gur tuigeadh dom go bhfuil roinnt mhaith cosúlachtaí idir scéal Hiort (a tréigeadh sa bhliain 1930) agus An Blascaod Mór (a tréigeadh sa bhliain 1953). Ina theannta sin, is léir go bhfuil cosúlachtaí móra idir an obair atá ar bun ag Taigh Chearsabhagh agus ag Ionad An Bhlascaoid agus ceapadh gur mhaith an rud comhcheangal a dhéanamh idir an dá eagrais seo.

Chuige sin do thugas cuairt ar 'Sceulachd Hiort' i dTaigh Chearsabhagh i mí na Samhna 2014 agus do shocraíos le Stiúrthóir Thaigh Chearsabhagh, **Norman MacLeod**, go ndéanfaí an comhcheangal ag tús na bliana 2015, dá mb'fhéidir é sin a dhéanamh in aon chor. Bhí údarais an Ionaid agus Thaigh Chearsabhagh breá sásta leis sin. Beartaíodh chomh maith gur mhaith an rud é, ó thaobh an chomhcheangail, go rachadh scoth na gceoltóirí ó Chorca Dhuibhne ar thuras go dtí na hOileáin Thiar le linn don gcomhcheangal a bheith á dhéanamh is go gcuirfidís roinnt ceolchoirmeacha ar fáil.

Cuireadh an socrú seo faoi bhráid **Iomairt Cholm Cille** agus thugadar sin a mbeannachtaí don tionscnamh. Bhí roinnt mhaith ullmhúcháin le déanamh maidir le malartú an dá thaispeántais agus ceoltóirí a fháil a bheadh sásta agus ábalta cuairt a thabhairt ar Albain.

Sa Mhárta do seoladh 'Fairscin Inise' – 50 pictiúr le frámaí agus gloine, maille le postaéirí agus bileoga eolais go Taigh

Chearsabhagh. Ag an am céanna do sheol lucht Thaigh Chearsabhagh comhaid leictreonacha de na painéil do thaispeántas Hiort ar aghaidh go hIonad An Bhlascaoid. Rinneadh na painéil a chlóbhualadh ar ard chaighdeán i dTrá Lí agus tugadh chun an Ionaid iad.

Is iad na sár cheoltóirí a chuaigh faram go hAlbain: **Breannán Ó Beaglaíoch agus Feargal Mac Amhlaíbh**. Cuireadh cúrsaí taistil agus lóistín in áirithe agus in eagar agus socraíodh roinnt imeachtaí do na ceoltóirí fad a bheidís thall.

An Turas

Os rud é go raibh eitilt luath ar maidin ó Bhaile Átha Cliath go Glaschú ar an 8 Aibreán, an lá a socraíodh chun tús a chur leis an dturas sall, do bhí orthu siúd a bhí sa ghrúpa (mé féin, Feargal agus Breannán) dul go Baile Átha Cliath agus fanacht ann an oíche roimh ré (7 Aibreán).

Fágadh Baile Átha Cliath ar 06.55 ar an 8 Aibreán agus chuathas go Glaschú agus ó Ghlaschú ar aghaidh go **Port-adhair Bheann na Faoghla**



Port-adhair Bheann na Faoghla

(Benbecula). Tógadh gluaisteán ar cíos, chuathas go dtí an lóistín agus an tráthnóna sin, tar éis casadh le roinnt cairde i mBeann na Faoghla, ar aghaidh linn go díreach go dtí an **Halla Pobail i Dailiburg**, Uibhist A' Deas, áit a raibh céilí breá ar siúl agus bhí Breandán agus Feargal ar stáitse ar feadh tamaill agus ní thugadar aon droch-theist orthu féin tar éis lá an-fhada ag taisteal dóibh. Bhí slua breá de mhuintir na háite i láthair (c. 100 duine) agus is cosúil gur bhaineadar an-thaitneamh as cheol agus amhráin Bhreandáin agus Fheargail. Cuireadh fáilte mhór romhainn. Ceann de na míreanna a cuireadh i láthair is ea an port draíochtúil sin ó Inis Mhic Uibhléain ar a dtugtar 'Port na bPúcaí'.

Lá iontach in ár saol ba ea an lá dar gcionn, 9 Aibreán mar gur chuamar ar cuairt go **Oileán Bharra**. Chuamar go dtí an caladh in **Eriskay** (mhínós an scéal mar gheall ar 'Whisky Galore' dóibh) agus as sin amach go Barra. Bhí an-fhonn ar Bhreandán dul 'on oileán seo mar gheall ar a chairdeas leis an scoth-amhránaí **Flora MacNeill**, ó Bharra, agus sheinn sé ceol ina honóir nuair a bhaineamar an t-oileán amach. Rinneamar taifead ar an bpíosa ceoil agus bhí sé le cur againn go dtí an bean uasal seo. (Chuamar chomh fada lena háit dhúchais, ach ní raibh si ann toisc í bheith go dona tinn in ospidéal. Go deimhin, do fuair sí bás cúpla seachtain ina dhiaidh sin, trócaire sa chré uirthi).

Filleadh ar ais ar Bheann na Faoghla ansin agus bhí cuireadh againn go dtí céilí príobháideach i dtigh **John Alex MacKay**, ceoltóir áitiúil agus malartaíodh ceol go maidin gheall! Bhronn sé cóip dá dhlúthdhiosca nua ceoil ar lán an triúir againn. Ní raibh sé gortach leis an Glenmorangie, ach an oiread!

Ba é an 10 Aibreán an príomh lá ar an dturas – lá seolta an taispeántais i dTaigh Chearsabhagh. Ar an slí go Taigh Chearsabhagh do ghabhamar ar an taobh thiar de oileán Uibhist A' Tuath – agus do chuamar go dtí láthair ar bharr cnoic a bhfuil radharc ann ar Hiort. Toisc an lá a bheith smúitiúil ceobhránach ní bhfuairamar aon radharc ar an oileán aduain seo, faraor.

Ar aghaidh linn ansin go Tigh Chearsabhagh chun na socrúithe deireanacha a dhéanamh. Ceann de na socrúithe sin ba ea ceangal beo físe ón láthair sin go hIonad an Bhlascaoid. Thugamar faoi deara go raibh ord agus

eagar iontach curtha ar 'Fairscin Inise' a bhúiochas do **Anne MacKillop** agus Norman MacLeod. Is é **Alasdair Mac Eachain, Cathaoirleach, Urras Leabhraichean nan Eilean**, a rinne an oscailt oifigiúil agus rinne sé é sin go líofa.

Do sheinn Feargal agus Breandán cúpla dreas breá ceoil agus do léas féin an dán 'The Given Note' le Séamus Heaney (atá bunaithe ar an scéal a bhaineann le 'Port na bPúcaí') agus do sheinn na ceoltóirí an fonn sin mar thionlacan. Ba léir gur chuaigh an scéal agus an ceol suaithinseach go mór i bhfeidhm ar an lucht éisteachta. Is breá liom a thuairisciú gur thug suas le 5,000 (sea, chúig mhíle) duine cuairt ar an dtaispeántas fad a bhí sé ar na fallaí i dTaigh Chearsabhagh.

Comhuaineach leis an dtaispeántas a bheith á sheoladh i dTaigh Chearsabhagh, do seoladh taispeántas Hiort in Ionad An Bhlascaoid Mhóir. Is é an file, an t-údar agus an fear farraige, Domhnal Mac a' tSíthigh a sheol an taispeántas san Ionad. Chomh maith leis sin, do tháinig **Doncha Mac Con Iomaire** ó Chonamara i láthair chun caint a dhéanamh agus chun scannán a thaispeáint ar thuras a rinne sé go Hiort i 2012 le linn dó bheith i mbun taifid ar shraith cláracha, *Turas Húicéara*, a craoladh ar TG4. I láthair chomh maith san Ionad do bhí **John MacDonald**, atá ina chónaí i gCionn tSáile anois ach gurb ó Hiort a athair, Calum, údar an leabhair *From Cleits to Castles*.



'Fairscin Inise' á sheoladh i dTaigh Chearsabhagh, Uibhist A' Tuath.



Sinne i mbun ár gcúraim i dTaigh Chearsabhagh

Do líon slua breá isteach go dtí **Óstán Lochmaddy**, in éis don cheol a bheith críochnaithe i dTaigh Chearsabhagh agus do sheinn Breandán agus Feargal roinnt mhaith ceoil ansin chomh maith.

An lá dár gcionn do chuamar abhaile – Satharn 11 Aibreán. Eitilt ó phort-adhair Bheann na Faoghla go Glaschú, dhá bhus ó phort-adhair Ghlaschú go port adhair Dhún Éidín agus eitilt ó Dhún Éidín go Corcaigh agus i ngluaisteán ó Chorcaigh go Dún Chaoin.

Toradh Fóna

Bhain gach duine a bhí páirteach an-thairbhe agus an-thaitneamh as an turas agus is cinnte gur treisíodh go mór na ceangail cheoil agus cultúir idir Ghaeltacht Chiarraí Thiar agus Oileáin Thiar na hAlban. Níl a dheireadh sin cloiste go fóill agus tá pleananna ann taispeántais eile mar seo a mhalartú.

Ní dócha gurb é seo an turas deireanach dá leithéid a déanfar, ach an oiread!

Nóta Búiochais

Tá búiochas tuille ag an lán daoine as chomh maith agus a d'éirigh leis an turas. Thar aon duine eile ba mhaith liom búiochas ó chroí a ghabháil le **Maolcholaim Scott**, ó Cholm Cille, a thug ugach agus misneach dúinn ón tús agus murach tacaíocht Cholm Cille sa bheartas seo ní bheadh sé ann in aon chor. Búiochas chomh maith do Ionad An Bhlascaoid a d'íoc cuid de chostais an turais. Is iad **Fondúireacht An Bhlascaoid** a láimhseáil an t-iarratas go Colm Cille agus cúrsaí airgeadais a bhain leis an dturas chomh maith. Míle búiochas go gach duine a thug cabhair in aon slí tionscnamh den scoth a dhéanamh as seo. Gura fada buan iad uilig.

Mollaí Ní Chonchúir

(7.1.1920 – 3.3.2015)

Saolaíodh Mollaí ar Cheathrú an Fheirtéaraigh, Dún Chaoin, do Dhonncha agus do Mháire Uí Chonchúir ar an 7 Eanáir 1920. Bhí beirt dearthár agus beirt deirféar aici, Peaidí, a mhaireann fós i Meiriceá, agus Tom, Neil agus Peig atá imithe ar shlí na fírinne.

Thosnaigh Mollaí ar Scoil Dhún Chaoin ar an 20 Bealtaine 1925 i rang Bhríd Bean Uí Loinsigh. Ar fhágaint na scoile di, d'fhreastail sí ar scoil chócaireachta i gCill Airne. Thug sí seal leis ag obair mar fheighlí linbh/cailín aimsire i mBleá Cliath leis an nGinearál Risteárd Ó Maolchatha agus a bhean Máire. Bhí múineadh na Gaelainne dá gclann mar phríomhchúram uirthi.

Blianta beaga ina dhiaidh sin, cheannaigh Mollaí tigh i gCorcaigh, 11 Bailtíní Roseneath, agus d'oscail a tigh ósta féin ann.

I gcaitheamh aimsire, bheartaigh Mollaí filleadh ar a fód dúchais, agus mar sin, dhíol sí an tigh i gCorcaigh agus



Mollaí ag ceiliúradh ath-oscailt Scoil Dhún Chaoin, 3 Meitheamh 1973.

thóg tigh ósta nua, Tigh Mhollaí, i nDún Chaoin. D'fhan na sluaite stróinséirí i dTigh Mhollaí, cuid acu a thagadh bliain i ndiaidh bliana. Orthusan, bhí Seán Ó Ríordáin, Bo Almqvist, Séamus Ó Duilearga, Anraí Ó Braonáin, Aindrias Ó Gallachóir, Caoimhín Ó Danachair, Ciarán Mac Mathúna, Máirtín Ó Cadhain, Éamonn de Buillear, Muiris Mac Conghail, Heinrich Wagner agus an taistealaí Tim Severin agus a chriú. D'fhan na hArdeaspaig Tomás Morris agus Diarmuid Clifford aici chomh maith.

Ostóir fáilteach ab ea Mollaí ar bhreá léi cuileachta agus ceol. Thagadh comharsana ag bothántaíocht chuici

chomh maith, agus is minic a thrácht sí ar oícheanta go maidin i gcomhluadar Danny Cháit Mhór Ó Gairbhia agus Jimmy Mhártaín Ó Dálaigh. Ar theacht ar an aer do Raidió na Gaeltachta i 1972, bhaineadh Mollaí sásamh cearta as an nuacht áitiúil, ceol, seanscéalta agus comórtaisí amhránaíochta sean-nóis an Oireachtais.

Sheas Mollaí go láidir lena teanga dúchais. Bhí sí gníomhach sa bhfeachtas sna 70idí Scoil Dhún Chaoin a choimeád oscailte, agus thug seal ag 'múineadh' ann le linn don Scoil bheith dúnta ag an rialtas. Thug sí óráid bhródúil uathí nuair a ghéill an rialtas d'athoscailt na scoile i 1973.

Duine fíor-chráifeach ab ea Mollaí agus í an-umhal don Eaglais. Bhronn sí na stáisiúin atá crochta ann faoi láthair ar Shéipéal Naomh Gobnait, Dún Chaoin. Bronnadh bonn Benerementi an Phápa ar Mhollaí i 2012 as a cuid saothair don Eaglais agus do shéipéal Dhún Chaoin.

Ar deireadh thiar, chaith Mollaí tréimhse in Ospidéal an Daingin, áit ar sciob an bás leis í ar an 3 Márta 2015, ag aois bhreá cuig bliana dhéag agus ceithre fichid. Beannacht dílis Dé lena hanam.

Ag Deireadh an Lae

Lorcán Ó Cuinneagáin

Buailfimid le chéile lá éigin, mé féin agus an bás. Agus má bhuaileann, bhuel, céard as? B'fhéidir gur cara é an bás, 'sea, cara a deirim, agus ní namhaid dorcha, scanrúil.

*Le hómós do Mhicheál Ó Ceárna,
Blascaodach*

Don duine atá go fada doimhintinn, nach cara é an bás? An cara a shaorfadh an té céanna óna chruachás corpartha nó óna ghalair intinne? Don duine sin, bréan de thinneas fada pianmhar, 'sea, nach cara é an bás?

Agus don ghnáthduine b'fhéidir gur leathchara é an bás freisin, 'sé sin don duine nach bhfuil tinn ach ag a bhfuil, in anam nó in aigne, saol torthúil, tairbheach, curtha isteach acu. A lán dathanna dá thuar cheatha comhlíonta, sásamh agus cúnamh dóibh san fhios sin.

Ach do dhaoine eile, an scáil de

chara fiú é an bás? Nó an bhfeictear é mar scamall dlúthdhorcha atá chun solas a beatha féin a mhúchadh go síoraí? Namhad, mar níl aithne ag na daoine seo ar an mbás ná tuiscint acu air ach oiread. *Nó an é nach bhfuil tuiscint curtha acu orthu féin, ar a mbeatha féin?*

Gan tuiscint agat, fíor nó bréagach, ar do shaol féin, gan chéadfa ar an gceist mhór sin, an féidir aon bhri a chur leis an mbás, fiú le *do bhá-sa?* Agus gan tuiscint mar sin agat, an féidir glacadh leis an mbás nuair a thagann sé, mar is cinnte go dtiocfaidh?

Fiú le tuiscint bhréagach, a thugann dallchompord le linn an tsaol, fós tagann doimhinscanradh ag an spriocphointe, leis an léargas nua a fheictear, go ró-dhéanach, díreach roimh na himeachta. Ach b'fhéidir do na daoine sin, iad siúd gan tuiscint ar bheatha ná ar bhás, go mbronntar grásta agus maithiúnas ag an Uile-chumhachtach orthu sa nóiméad deireanach, iad ag fáil cúnamh síoraí saor in aisce? Nó an é go dtugtar seans eile dóibh, go sciobtar ar ais ón mbás iad, deis eile acu a fhíorshaol a chomhlíonadh faoi dheireadh thiar thall? Ní fheadair.

Ní scamall dorcha, ainbheartach é an

bás: is braillín bhog chompordach é, línithe le holann mhín gan smál. 'Sea, an bás: clóca compordach ar nós uisce na máthar roimh bhreith; agus níor chuir an clúdach sin isteach orainn ag an am. Nílimid ach ag filleadh arís ar áit dhorcha, chompordach, muid ag dul ón bpas daonna seo den anam beagnach mar a tháingamar isteach inti, le heaspa eolais agus le heagla. B'fhéidir gurb é an saolú ár gcéad bhlás de fhaitíos neamheolach, an bás díreach blas eile den rud céanna, ina mhalairt threo.


'Sea, an blas deireanach den phas daonna seo, sin é an bás. Níl ann ach cuid eile de thuras, tosaithe lenár druidim amach ó dhorchadas isteach sa ghealas; ag críochnú lenár ndruidim ar aghaidh ón ngealas seo go háit dhorcha eile, dorcha arís de bharr easpa eolais. Ach le haistear beag sroicheann tú líoghradh nua, é níos gile ná aon rud a shamhlaigh tú riamh. Tá tú ag dul abhaile, ag dul go dtí an tAnam-Áras faoi dheireadh thiar thall, ag dul tar éis na péine, an gháire, an ghoil, an ghrá, an áthais, an bhróin, tar éis na gceachtanna daonna go léir, ag dul abhaile go dtí an suaimeanas síoraí, go dtí an ciúnas croí is áille riamh.

Imeachtaí san Ionad le Linn na Bliana 2015

Is iad foireann Ionad an Bhlascaoid a d'eagraigh na hócáidí, mura gcuirtear a mhalairt in iúl. Cuirtear áiseanna an Ionaid ar fáil saor in aisce d'eagrais áitiúla pobail a eagraíonn imeachtaí cultúrtha nó oideachais. Más suim leat ócáid a reachtáil san Ionad i 2016, tá fáilte romhat dul i dteagmháil linn ag blascaod@opw.ie.

11/02/2015 Imeachtaí Lá 'le Gobnait, arna eagrú ag Comharchumann Dhún Chaoin

19/02/2015: Ceolchoirm le Síle Denver, Muireann Nic Amhlaoibh, Tomás McCarthy, Margaret Stewart agus Ailean Domhnullach arna eagrú ag Scoil Ceoil an Earraigh



Thomas McCarthy

10/04/2015: Léacht: Oileáin Thiar na hAlban, le hAlasdair Mac Eachain, Cathaoirleach Urras nan Leabhraichean

16/04/2015: Léacht Chomharchumann Dhún Chaoin: 'Seit Chiarraí Thiar' le Feargal Mac Amhlaoibh

30/04/15: Léamh litríochta le Darina Ní Chinnéide agus taispeántas 'Slinnte Pheig' le Ken Bolger.

Taispeáint an scannáin 'Secret of Kells' do scoileanna an cheantair, arna eagrú ag Féile na Bealtaine.



01/05/15: Ceolchoirm le Caoimhín Ó Raghallaigh, arna eagrú ag Féile na Bealtaine

03/05/2015: The Ranelagh Singers, arna eagrú ag Féile na Bealtaine

12/05/2015: Ceolchoirm le Carmen Cullen, amhráin a haintín, Delia Murphy

22/05/2015: Taispeántas cuilteanna le The Sewing Shed agus Irish Quilters Showcase



Caoimhín Ó Raghallaigh

15-19/06/15: Cúrsa Gaeltachta Choláiste Phádraig, Durlas Éile, arna eagrú ag Laoise Ní Cheallaigh

06-10/07/2015: Cúrsa Gaeltachta Chumann Bunmhúinteoirí Éireann, arna eagrú ag an ggraobh áitiúil.

11/08/2015: Ceolchoirm ar mhaithe leis an bparóiste eaglasta, arna eagrú ag na Paróistigh

18/09/2015: Léacht ar St. Kilda le Maureen Kerr

19/09/2015: Tionóil mhuintir Mhaoileoin, arna eagrú ag Pádraig Breathnach



Ceolchoirm an Pharóiste

26/09/2015: Scannán 'La Violencia' eagraithe ag an ngrúpa carthanachta Hope Guatemala

07/11/2015: Tionól Dochtúirí Leighis ó Londain

09-11/10/2015: Ceiliúradh an Bhlascaoid 2015 – Aimsir na nUasal, arna eagrú ag Coiste Cheiliúradh an Bhlascaoid

07/11/2015: Ceolchoirm agus Filíocht 'Mo Pheann ag Rince - Tionscadal an Ríordánaigh' - le Liam O Muirthile, Louis De Paor, Enda Reilly agus aíonna eile, arna eagrú ag an bhFéile Bheag Filíochta



An Fhéile Bheag Filíochta

02/12/2015 Siompóisiam: 1916 Ceisteanna, Tuairimí, Freagraí, eagraithe ag Raidió na Gaeltachta.

10/12/2015 Seoladh *Cuimhní ón mBlascaod*, sraith nua theilifíse TG4.



I rith na bliana bhí 6 searmanas pósta san Ionad.

Baill na Fondúireachta • Members of Foundation

Bíonn An Caomhnóir á dháileadh tríd an bpost go baill na Fondúireachta agus an costas clúdaithe lena dtáille ballraíochta.

Ar eagla go bhfuil dearmad déanta ag daoine maidir le táille bliantúil ballraíochta a dhíol, seo thíos a leanas na baill atá díolta suas go 8 Samhain 2015:

An Caomhnóir is dispatched to members of Fondúireacht an Bhlascaoid, the cost of which is covered by their membership.

As some may have forgotten to update their yearly membership, below are listed members who have paid up to 8 November 2015:

Allen, Frank.

Brangan, Carolín, 17 Balally Drive, Dundrum, Baile Átha Cliath 16.
Breathnach, Bríd Bn. Sheáin, 199 Barry Road, Barry, Vale of Glamorgan, Wales. CF629BG.

Breathnach, Fiontán, 7 Butterfield Orchard, Rathfearnáin, Baile Átha Cliath 14.

Brugha Stuart, Deirdre, "Drumhill", Bóthar Chill Mochuda Uacht., Dundroma, Baile Átha Cliath 14.

Brugha, Máire & Traolach, Bun na Fána, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Caball, Brian, 79 Cnoc Maoile, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Carney Hayes, Gerry & Maureen, 109 Jamestown Drive, Springfield MA. 01108 U.S.A.

Connolly, Martin, 6 Pebble Hill Maynooth Co. Kildare.

Corduibh, Caitlín & Christóir, Baile an Éanaigh, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Firtéar, Muiris & Bernie, Fán, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Flower, Ann, 66 Harrisons Lane, Ringmer, East Sussex BN8 5LL U.K.

Foley (Keane), Gertie, 50 Grange Wood, Rathfarnham, Dublin 16.

Frost, Eithne, 34 Páirc Grosvenor, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6.

Gaelachas Teo., Gleann Maghair, Co. Chorcaí.

Granville, Gary, 18 Rathfarnham Park, Dublin 14.

Guiheen Kenny, Carmel, "Suaimhneas", Carnmore, Oranmore, Co. Galway.

Keane Ó Catháin, Pádraic, Ballincar, Rosses Point Road, Sligo.

Kerwick, Moss, Rockhill, Bruree, Co. Limerick.

Kimber, Dáithí, 39 Faiche an Ghrágáin, Port Láirge, Co. Phort Láirge.

McAdam, Jim & Geraldine, 16B Dirnan Rd., Cookstown, Co. Tyrone, BT80 9XL.

Mac Amhlaigh, Liam, 178 Caisleán Reabóige, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 14.

Mac Amhlaibh, Feargal & Áine, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Mac an tSaoi, Máire, Balreask An Uaimh, Co. na Mí.

Mac a' tSíthigh, Domhnall & Máire, Baile Eaglaise, Baile an Fheirtéaraigh, Tra Lí, Co. Chiarraí.

Mac Conghail, Máire, 14 Ascaill Ghairbhile, Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6.

Mac Domhnaill, Marcas, & Eibhlín Ní Laoithe, Baile na hAbha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Mac Gearailt, Caoimhín, 24 Oak Glen View, Greystones Road, Bray Co. Wicklow.

Magan, Cróine, 14 Ascal Carlisle, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Matson, Leslie, Newtown Ville, Port Láirge. Co. Phort Láirge.

Murphy, Úna, BEAU SOLEIL 1, 26 Chemin Des Jargilieres, 01210 Ferney-Voltaire, Ain, FRANCE.

Ní Bheaglaíoch, Seosaimhín, Tig a' Ghaba, Baile na bPoc, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Bheaglaíoch Uí Shé, Máire, Liosnagroí, Caisleáin an Ghriaghre, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Bheaglaíoch, Máire Úna, 7D Aonach Mhargadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Ní Bhriain, Doireann.

Ní Bhroin Uí Thuama, Máirín, Cloichear, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Chaomhánaigh, Caitlín, 2 Garrán An Ghoirt Áird, Cathair Sailí, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Chonchubhair, Máire.

Ní Dheaghaidh, Christina.

Ní Dhúbhda, Máiréad, Baile na Leacan, Clochán Bhréanainn, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Dhubhlaoich, Susan, 86 The Northumberlands, Stráid an Mhóta Íochtar, Baile Átha Cliath 2.

Ní Loingsigh, Máiréad, Roinn na Nua-Ghaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ní Mheadhra, Dáirine, 134 Pearson Avenue, Toronto, Ontario, Canada M6R 1G5.

Ní Mhoitleigh, Colette, 47 Ascal Ráth Gearr, Baile Átha Cliath 6.

Ní Mhóráin, Bríd, An Cam, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ní Mhurchú, Caitríona.

Ní Súilleabháin Uí Chíobháin, Maura.

Nic an Oirchinnigh, Úna.

Nic Grianna, Siobhán, Bainisteoir Cumarsáide & Margaíochta, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh.

Ó Bambaire, Séamus.

Ó Braonáin, Seán, 92 Br. San Labhráis, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3.

Ó Broin, Antoine, Kilrane, Rosslare Harbour, Co. Wexford.

Ó Brolcháin, Fionnbarra, 2 Plásóg an tSrutháin, Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath.

Ó Buachalla, Aingeal, 33 Cnoc na Sí, An Charraig Dhubh, Co. Átha Cliath.

Ó Catháin, Gearóid & Úna, 6 Plasóg Delaford, Cnoc Lín, Baile Átha Cliath 16.

Ó Céileachair, Lís & Donncha, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Céileachair, Seán, 7 Cúirt Vernon, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3.

Ó Cinnéide, Gearóid, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Cinnéide, Lorcán, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Cinnéide, Michéal, "Ghantry", Ballysampion, Killinick, Co. Wexford.

Ó Cléirigh, Muiris, Cnoc Garbh, Lr. Killeens Road, Blarney, Co. Chorcaí.

Ó Coileáin, Seán, Scoil na Gaeilge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ó Conaill, Míchéal A. & Cecilia.

Ó Conaire, Breandán, 265 Ascaill Chrann Teile, Martello, Port Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath.

Ó Conchúbhair, Dónall, 20 Meadowvale Close, Raithín, Luimneach.

Ó Conchúir, Boscó, Cill Chúile, Baile na nGall, Trá Lí, Co. Chiarraí.

O Connor, Ciarán, 5 Woodcliffe Heights, Howth, Dublin 13.



Ó Cuinneagáin, Lorcán, 187, The Spinnaker, Cé Árainn, Baile Átha Cliath 7.

Ó Dónaill, Caitlín & Seán, 37A, Faiche an Ráschúrsa, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Fiannachta, Pádraig, Mgr., An Díseart, An Daingean, Co. Chiarraí.

Ó Greacháin, Dónal, N.T. "Tiaracht", 24 Ferndale, Ennis Road, Luimneach.

Ó Héalaí, Pádraig, Aille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Ó hÓsáin, Micheál.

Ó Laoghaire, Gearóid, Clocharbhriain, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ó Laoithe, Seán, Coarliss, Rathluirc, Co. Chorcaí.

Ó Muircheartaigh, Tomás, Brí, Inis Córthaidh, Co. Loch Gorman.

Ó Muirthile, Dónal.

Ó Murchú, An tAth. Pádraig, 39-6 Ma Reuk Dong, Kwangju, KOREA 502-157.

Ó Murchú, An tEaspag Liam, 2 Cathedral Place, Killarney, Co. Kerry.

Ó Murchú, Máire & Ciarán, "Tearmann", Baile na hAbha, Dún Chaoin, Co. Chiarraí.

Ó Sé, Tomás.

Ó Súilleabháin, Seosaimh, 5 An tArd, Baile an Easpaig, Corcaigh.

O'Connor, Pat, Ballinasig, Dingle, Co. Kerry.

O'Shea, Patrick, Shelton Arklow, Co. Wicklow.

O'Sullivan, Breeda, Dundullerick, Leamlara, Co. Cork.

Oman, Peadar, 18518 Morris Avenue, Homewood, IL.60430 U.S.A.

Pobalscoil Chorca Dhuibhne, An Fhoireann Teagaisc, An Gróbh, Daingean Uí Chúis, Co. Chiarraí.

Quill, Dr. John, Castlelawn, Ballyheigue, Co. Kerry.

Ruiséal, Pól, Ionad na Gaeilge Labhartha, Áras Uí Rathaille, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ryan, Jim, Cois Deirg, Garrykenedy, Portroe/Nenagh, Co. Tipperary.

Stagles, Ray, 6 Salisbury Close, Workingham RG41 4AJ, U.K.

Ua Cearnaigh, Seán, Ard Aoibhinn, Gort na Silíní, Inis Córthaidh, Co. Loch Garman.

Uí Aimhirgín, Nuala, 24 Páirc Moyola, Caisleán Nua, Gaillimh.

Uí Ainín, Máire, Cloichear, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí

Uí Chatháin, Nóirín, "Seoid", Br. Na hAille, Baile an Bhuineánaigh, Co. Chiarraí.

Uí Chinnéide, Edna, Baile an Mhúraigh, Baile na nGall, Trá Lí, Co Chiarraí.

Uí Chinnéide, Frances, Baile Bhiocáire, Dún Chaoin.

Uí Chinnéide, Mai, Dún an Óir, Templemore Rd., Ros Cré, Co. Thiobraid Árainn.

Uí Cholmáin, Maedhbh, 4 Ascal na hUamha, Baile an Bhóthair, Co. Átha Cliath.

Uí Fháinnín, Máirín, Dubhadh, Droichead Átha, Co. na Mí.

Uí Mhurchú, Máire, 14 Carraigínhdónail, Cathair Sailí, Trá Lí. Co. Chiarraí.

Uí Réagáin, Áine Bn., 53 Estáit Uí Mhúscraí, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí.

Uí Shé, Máirín, Cathair a' Treantaigh, Ceann Trá, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Uí Shluaigh, Celeste, An Baile Uachtarach, Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.

Ware, Séamus, Beechfield Manor, Bóthar Shanganagh, Seanchill, Co. Átha Cliath.

Tá foim iarratais ar bhallaíocht agus clúdach faoi iamh san eagrán seo.

Is eagraíocht dheonach charthanachta í Fondúireacht an Bhlascaoid a bhíonn ag brath an an bpobal.

Cuirfead fáilte chomh maith roimh shíntiúis do Sparánacht an Bhlascaoid tríd an chóras céanna íocaíochta.

An application for membership with return envelope is included in this edition.

Fondúireacht an Bhlascaoid is a non-profit charitable organisation which depends on public support.

Contributions towards Sparánacht an Bhlascaoid are also welcome through this payment system.



Lucht éisteachta ag Ceiliúradh an Bhlascaoid 2015

